



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2022
(OR. en)

Comhad Idirinstiúideach:
2022/0139(NLE)

08887/22
ADD 1

AVIATION 83
RELEX 614
ASIE 22

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	6 Bealtaine 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 194 final - IARSCRÍBHINN
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, a shíniú, thar ceann an Aontais

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 194 final - IARSCRÍBHINN.

Faoi iamh: COM(2022) 194 final - IARSCRÍBHINN



An Bhruiséil, 6.5.2022
COM(2022) 194 final

ANNEXES 1 to 2

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an gComhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, a shíniú, thar ceann an Aontais

IARSCRÍBHINN 1

**Comhaontú Cuimsitheach Aeriompair
idir
Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus
agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit**

Tá na Rialtais seo a leanas:
BRÚINÉ DARASALÁM,
RÍOCHT NA CAMBÓIDE,
POBLACHT NA hINDINÉISE,
DAON-PHOBLACHT DHAONLATHACH LAOS,
AN MHALAEISIA,
POBLACHT AONTAS MHAENMAR,
POBLACHT NA nOILEÁN FILIPÍNEACH,
POBLACHT SHINGEAPÓR,
RÍOCHT NA TÉALAINNE, agus
POBLACHT SHÓISIALACH VÍTNEAM,

ós rud é go bhfuil siad ina mBallstáit de Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas ('ASEAN') (dá ngairtear, dóibh uile le chéile, 'Ballstáit ASEAN', agus do gach ceann as féin 'Ballstát de ASEAN', anseo feasta)

de pháirt,

agus

RÍOCHT NA BEILGE,
POBLACHT NA BULGÁIRE,
POBLACHT NA SEICE,
RÍOCHT NA DANMHAIRGE,
POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,
POBLACHT NA hEASTÓINE,
ÉIRE,
AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,
RÍOCHT NA SPÁINNE,
POBLACHT NA FRAINCE,
POBLACHT NA CRÓITE,
POBLACHT NA hIODÁILE,
POBLACHT NA CIPIRE,
POBLACHT NA LAITVIA,
POBLACHT NA LIOTUÁINE,
ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

**AN UNGÁIR,
POBLACHT MHÁLTA,
RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,
POBLACHT NA hOSTAIRE,
POBLACHT NA POLAINNE,
POBLACHT NA PORTAINGÉILE,
AN RÓMÁIN,
POBLACHT NA SLÓIVÉINE,
POBLACHT NA SLÓVAICE,
POBLACHT NA FIONLAINNE, agus
RÍOCHT NA SUALAINNE,**

ós páirtithe iad den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear, don dá cheann acu le chéile, “na Conarthaí de chuid an Aontais Eorpaigh”, anseo feasta) agus ós Ballstáit den Aontas Eorpach iad (dá ngairtear, dóibh uile le chéile, “Ballstáit an Aontais Eorpaigh”, agus do gach ceann acu as féin “Ballstát den Aontas Eorpach”, anseo feasta),

an tAONTAS EORPACH (dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta)

den pháirt eile,

AGUS É DE MHIAN ACU a leasanna a chur chun cinn i leith an aeriompair chun cuidiú an caidreamh polaitiúil agus eacnamaíoch a dhlúthú idir an dá réigiún,

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí agus atá an nascacht aeriompair éifeachtúil i dtaca le cur chun cinn na trádála, na turasóireachta, na hinfheistíochta agus na forbartha eacnamaíche agus sóisialta,

AGUS É DE MHIAN ACU feabhas a chur ar na haersheirbhísí agus córas eitlíochta idirnáisiúnta a chur chun cinn bunaithe ar thimpeallacht chothrom iomaíoch, ar an neamh-idirdhealú agus ar dheiseanna córa comhionanna do na haeriompróirí dul in iomaíocht le chéile,

AGUS É DE MHIAN ACU an leibhéal sábháilteachta agus slándála is airde a áirithiú san aeriompar agus ag dearbhú dóibh go bhfuil imní mhór orthu i dtaca le bearta nó bagairtí in aghaidh slándáil aerárthaí, a chuireann sábháilteacht daoine agus maoine i gcontúirt, a dhéanann dochar d’oibriú aerárthaí agus a chreimeann ar an muinín i sábháilteacht na heitlíochta sibhialta atá ag an bpobal a úsáideann an t-aerthaisteal,

Ag TABHAIRT DÁ nAIRE go bhfuil Ballstáit ASEAN agus Ballstáit den Aontas ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944;

AGUS IAD LEAGHTHA AR an tairbhe is mó a bhaint as na buntáistí ab fhéidir a bheith sa chomhar rialála;

AG AITHINT DÓIBH thábhacht na mbuntáistí ab fhéidir a thioctadh as aersheirbhísí iomaíocha agus as tionscail aeriompair inmharthanacha;

AGUS É DE MHIAN ACU machaire réidh a chothú d'aeriompróirí, ag aithint dóibh na mbuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr na hiomaíochta córa agus go bhféadfaidh fóirdheontais áirithe dochar a dhéanamh don iomaíocht agus go bhféadfaidh siad bunchuspóirí an Chomhaontaithe seo a chur i gcontúirt;

AGUS É D'INTINN ACU breis forbartha a dhéanamh ar an gcreat atá ann cheana de chomhaontuithe agus socrúithe idir na Páirtithe agus é d'aidhm leis sin rochtain a oscailt ar mhargaí agus uasmhéadú a dhéanamh ar na tairbhí atá ag paisinéirí, coinsíneoirí, aeriompróirí agus aerfoirt agus a gcuid fostaithe, a gcuid pobal agus tairbhíthe eile;

AG DEARBHÚ DÓIBH gur tábhachtach an comhshaol a chosaint le linn fhorbairt agus chur chun feidhme an bheartais eitleochta idirnáisiúnta;

AG DEARBHÚ DÓIBH gur gá bearta a dhéanamh go práinneach chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus gur gá leanúint den chomhar i dtaca le laghdú na n-astaíochtaí gáis ceaptha teasa san earnáil eitleochta, ar bhealach atá comhsheasmhach le socrúithe iltaobhacha ar an ábhar seo, ar a n-áirítear na hoibleagáidí faoi ionstraimí de chuid na hEagraíochta Eitleochta Sibhialta Idirnáisiúnta (dá ngairtear 'ICAO' anseo feasta);

AG DEARBHÚ DÓIBH gur tábhachtach leasanna na dtomhaltóirí a chosaint, cosaint ar a n-áirítear na cosaintí arna dtabhairt ag an gCoinbhinsiún maidir le hAontú Rialacha Áirithe i dtaca le hIompar Idirnáisiúnta d'Aer, a rinneadh in Montréal an 28 Bealtaine 1999, agus gur tábhachtach leibhéal ard a bhaint amach sa chosaint tomhaltóirí, agus gur tábhachtach a aithint go bhfuil gá le comhar comhpháirteach sa réimse seo;

AG AITHINT DÓIBH nach é atá beartaithe le breis deiseanna tráchtála an bonn a lagú faoi chaighdeán saothair na bPáirtithe, nó faoi chaighdeán a bhaineann leis an saothar, agus ag athdhearbhú dóibh gur tábhachtach a chur san áireamh cé na tionchair a bheidh ag an gComhaontú seo ar dhálaí saothair, fostaíochta, agus oibre, agus cé na tairbhí a fhaightear nuair a chuirtear i gcumasc le chéile an gnóthachan mór eacnamaíoch as margaí oscailte agus iomaíocha, agus ardchaighdeán saothair;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE go bhfuil an dea-thoil ann féachaint le teacht ar dhóigheanna chun éascaíocht a dhéanamh don tionscal aeriompair i ndáil le rochtain níos fearr a bheith aige ar chaipiteal le haghaidh breis forbartha a dhéanamh ar an aeriompar;

AGUS É DE MHIAN ACU comhaontú a thabhairt i gcrích maidir leis an aeriompar, d'fhorlónadh ar an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944;

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

RAON FEIDHME

1. Rialaítear leis an gComhaontú seo soláthar seirbhísí aeriompair ag aeriompróirí an Aontais ó chríoch, i gcríoch, nó chuig críoch Bhallstáit ASEAN, agus ag aeriompróirí Bhallstáit ASEAN ó chríoch, i gcríoch, nó chuig críoch an Aontais, chomh maith le soláthar seirbhísí áirithe a bhaineann leis na seirbhísí aeriompair sin, i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

2. Chun amhras a sheachaint, ní dhéanfar in aon chás an Comhaontú seo a fhorléiriú mar Chomhaontú lena rialaítear seirbhísí aeriompair a bheith á soláthar ag aon aeriompróir de chuid Ballstáit de ASEAN ó chríoch, i gcríoch, nó chuig críoch Bhallstát eile de ASEAN, nó soláthar seirbhísí áirithe a bhaineann leis na seirbhísí aeriompair sin.

AIRTEAGAL 2

Sainmhínte

1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

- (a) Ciallaíonn ‘Coinbhinsiún Chicago’ an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944, agus cuimsíonn sé aon larscríbhinn lena glacadh faoi Airteagal 90 den Choinbhinsiún sin, agus aon leasú ar na hlarscríbhinní nó ar an gCoinbhinsiún faoi Airteagail 90 agus 94, a mhéid a bheidh na hlarscríbhinní agus na leasuithe sin tagtha in éifeacht i gcás na bPáirtithe;
- (b) Ciallaíonn ‘Coinbhinsiún Montréal’ an Coinbhinsiún maidir le haontú rialacha áirithe i dtaca le iompar idirnáisiúnta d'aer a rinneadh i Montreal an 28 Bealtaine 1999;
- (c) ciallaíonn ‘aeriompar’ iompar arb é atá ann paisinéirí, bagáiste, lasta agus post a iompar in aerárthaí, ar leithligh nó in éineacht, a chuirtear ar fáil mar sheirbhís don phobal ar luach saothair nó ar fruilíú, ar a n-áirítear aersheirbhísí sceidealta agus neamhsceidealta;
- (d) ciallaíonn ‘cinneadh saoránachta’ cinneadh go gcomhlíonann aeriompróir a bheartaíonn aersheirbhísí a oibriú faoin gComhaontú seo, go gcomhlíonann sé ceanglais Airteagal 4 maidir lena húnéireacht, lena rialú éifeachtach agus lena príomháit ghnó;

- (e) ciallaíonn ‘údaráis inniúla’ na gníomhaireachtaí rialtais nó na heintitis rialtais atá freagrach as feidhmeanna rialála agus riaracháin atá de dhualgas ar na Páirtithe faoin gComhaontú seo;
- (f) ciallaíonn ‘údarás iomaíochta’ an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla atá i gceannas ar dhlí iomaíochta Páirtí a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear, i gcás an Aontais, an Coimisiún Eorpach;
- (g) ciallaíonn ‘dlí na hiomaíochta’ dlí a dhíríonn, laistigh de dhlínse Páirtí, ar an iompar seo a leanas, i gcás ina bhféadfadh sé difear a dhéanamh do sheirbhísí aeriompair chuig an bPáirtí sin, uaidh nó laistigh de:
 - (i) comhaontuithe idir aeriompróirí, cinntí a dhéanann comhlachtaí aeriompróirí agus cleachtais chomhbheartaithe a bhfuil sé mar aidhm agus mar éifeacht acu an t-iomaíochas a chosc, a shrianadh, nó a shaobhadh;
 - (ii) mí-úsáidí ceannasachta ag aeriompróir amháin nó níos mó; nó
 - (iii) dul i gcomhchruinniú aeriompróirí ar dhóigh a laghdódh an iomaíocht go mór, go háirithe de thoradh suíomh ceannasachta a chruthú nó a neartú.
- (h) ciallaíonn ‘córas áirithinte ar ríomhaire’ (dá ngairtear ‘CRS’ anseo feasta), córas ríomhairithe ina bhfuil faisnéis (lena n-áirítear sceidil, infhaighteacht agus táillí) a bhaineann le níos mó ná aeriompróir amháin, le saoráidí nó gan saoráidí chun áirithintí a dhéanamh nó a eisiúint, a mhéid a chuirtear cuid de na seirbhísí sin nó na seirbhísí sin go léir ar fáil do shínteoirí, agus áirítear leis ‘Córais Dáilte Dhomhanda’, a mhéid a bhfuil táirgí aeriompair iontu;
- (i) ciallaíonn ‘idirdhealú’ difreáil d’aon chineál nach bhfuil bonn cirt oibiachtúil léi;
- (j) ciallaíonn ‘rialú éifeachtach’ caidreamh comhdhéanta de chearta, conarthaí nó ar aon bhealach eile, a bhronnfaidh, ar leithligh nó i gcomhpháirt agus ag féachaint do bhreithnithe an fhórais nó an dlí lena mbaineann, an fhéidearthacht go mbeadh tionchar díreach nó indéach ar ghnóthas, go háirithe:
 - (i) tríd an gceart chun sócmhainní uile nó cuid de shócmhainní gnóthais a úsáid;

- (ii) trí chearta nó conarthaí lena mbronntar tionchar cinntitheach ar chomhdhéanamh, vótáil nó cinntí comhlachtaí gnóthais nó a bhronnann ar bhealach eile tionchar cinntitheach ar reáchtáil ghnó an ghnóthais;

- (k) ciallaíonn ‘cinneadh maidir le hoiriúnacht’ cinneadh a dhéantar maidir le haeriompróir atá ag beartú aersheirbhísí a sholáthar faoin gComhaontú seo go bhfuil acmhainn airgeadais shásúil aige maille le taithí bhainistíochta leordhóthanach chun na haersheirbhísí sin a oibriú agus go bhfuil dea-rún aige na dlíthe, na rialacháin agus na ceanglais a bhfuil oibriú na seirbhísí faoina réir a chomhlíonadh;

- (l) ciallaíonn ‘costas iomlán’ costas na seirbhísí a sholáthraítear, a bhféadfadh suimeanna iomchuí maidir le costas caipitil agus dímhéas sócmhainní a bheith ar áireamh ann, mar aon le costais chothabhála, oibríochta, bhainistíochta agus riaracháin;

- (m) ciallaíonn ‘aeriompar idirnáisiúnta’ aeriompar a ghabhann tríd an aerspás os cionn chríoch níos mó ná Stát amháin;

- (n) ciallaíonn ‘idirbhearta ábhartha’ soláthar earraí agus seirbhísí de mhéid a mbeidh tionchar acu ar aeriompróirí na bPáirtithe maidir le deiseanna córa comhionanna dul san iomaíocht;

- (o) ciallaíonn ‘seirbhís neamhsceidealta’ seirbhís aeriompair nach seirbhís sceidealta í;

- (p) ciallaíonn ‘Páirtí’ an tAontas agus Ballstáit an Aontais de pháirt, nó Ballstát de ASEAN den pháirt eile;

- (q) ciallaíonn “Páirtithe”:
 - (i) an tAontas agus Ballstáit an Aontais; agus
 - (i) Ballstáit ASEAN.

- (r) ciallaíonn ‘príomháit ghnó’ ceannáras nó oifig chláraithe atá ag aeriompróir i gcríoch Páirtí agus ar ann a fheidhmítear príomhfheidhmeanna airgeadais agus rialú oibríochtúil an aeriompróra, ar a n-áirítear bainistiú aeracmhainneachta leanúnaí;

- (s) ciallaíonn ‘seirbhísí sceidealta’ sraith eitiltí a mbaineann na saintréithe seo a leanas go léir léi:

- (i) téann sé tríd an aerspás os cionn chríoch níos mó ná Stát amháin;
- (ii) déanann aerárthaí é chun paisinéirí, bagáiste, post agus/nó lasta a iompar ar luach saothair nó ar fruilíú, sa chaoi go mbeidh gach eitilt oscailte lena húsáid ag daoine den phobal;
- (iii) oibrítear í chun freastal ar thrácht idir an dá phointe céanna nó níos mó ná an dá aerfort céanna, cibé:
 - (A) de réir tráthchlár foilsithe; nó
 - (B) le heitiltí a bhíonn ann chomh rialta nó chomh minic sin gur léir gur sraith chórasach iad;
- (t) ciallaíonn ‘féinseirbhís láimhseála’ an cás ina soláthraíonn aeriompróir catagóir amháin nó níos mó de sheirbhísí láimhseála ar an talamh dó féin agus nach dtugann sé aon chonradh d’aon chineál chun críche le tríú páirtí chun na seirbhísí sin a sholáthar. Chun críocha an tsainmhíneithe seo, ní mheasfar gur tríú páirtithe ina measc féin iad aeriompróirí sna cásanna seo a leanas:
 - (i) i gcás ina bhfuil tromlach ag aeriompróir amháin acu sa cheann eile; nó
 - (ii) i gcás ina mbeidh sealúchas tromlaigh ag comhlacht amháin i ngach ceann acu;
- (u) ciallóidh ‘suaitheadh tromchúiseach sa gheilleagar’ géarchéim eisceachtúil shealadach shuntasach (bíodh sí gearrthéarmach nó fadtéarmach) a dhéanann difear do gheilleagar iomlán Ballstáit de ASEAN nó Ballstáit den Aontas seachas do réigiún ar leith nó d’earnáil eacnamaíoch ar leith;
- (v) ciallaíonn ‘fiontar atá faoi úinéireacht Stáit’ aon ghnóthas atá páirteach i ngníomhaíocht tráchtála sna cásanna seo a leanas:
 - (i) i gcás inar le Páirtí níos mó ná 50 % de chaipiteal suibscríofa an fhiontair nó na vótaí a ghabhann leis na scaireanna arna n-eisiúint ag an bhfiontar; nó
 - (ii) i gcás ina bhfuil Páirtí in ann tionchar cinntitheach a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, nó ina bhfuil deis

aige tionchar cinntitheach a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, de bhua a rannpháirtíochta airgeadais ann nó de bhua na rialacha nó na gcleachtas maidir lena fheidhmiú, nó ar aon mhodh eile atá ábhartha chun tionchar cinntitheach den sórt sin ar an bhfiontar a bhunú. Toimhdeofar tionchar cinntitheach ar thaobh Páirtí nuair is féidir le Páirtí, go díreach nó go hindíreach, níos mó ná leath de chomhaltáí chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an fhiontair a cheapadh;

- (w) ciallaíonn ‘stad chun críoch nach críocha tráchta’ tuirlingt a dhéantar chun aon chríche seachas paisinéirí, bagáiste, lasta agus/nó post a thógáil nó a chur ar talamh;
- (x) ciallaíonn ‘fóirdheontas’ aon ranníocaíocht a dheonaíonn an rialtas nó aon chomhlacht poiblí eile, agus áirítear mar fhóirdheontais iad seo a leanas:
 - (i) aistriú díreach cistí, amhail deontais, iasachtaí nó insileadh cothromais, aistriú díreach féideartha cistí, glacadh dliteanas, amhail ráthaíochtaí iasachta, instealltaí caipitil, úinéireacht, cosaint i gcoinne féimheachta nó árachas;
 - (ii) ioncam a ligean ar ceal nó gan é a bhailiú, ar ioncam é a bheadh dlite murach sin;
 - (iii) earraí nó seirbhísí, nach bonneagar ginearálta, a sholáthar, nó earraí nó seirbhísí a cheannach; nó
 - (iv) íocaíochtaí a dhéanamh le sásra cistiúcháin nó ordú nó treoir a thabhairt do chomhlacht príobháideach ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna a luaitear faoi mhíreanna 1(x) (i), (ii) agus (iii) den Airteagal seo a dhéanamh, feidhmeanna a leagtar ar an rialtas nó ar chomhlacht poiblí eile de ghnáth, agus é sin a dhéanamh de réir modh ar beag an difear idir é agus an modh a úsáideann rialtais de ghnáth,

teoranta d’eintiteas, nó do thionscal, nó do ghrúpa eintiteas nó tionscal, laistigh de dhlíne an údaráis deonúcháin agus a thugann tairbhe d’aeriompróirí. Ní mheastar go dtugtar aon sochar le idirghabháil airgeadais a dhéanann rialtas nó comhlacht poiblí eile más rud é go ndéanfadh oibreoir sa mhargadh príobháideach agus é dírithe ar fhéidearthachtaí brabúis amháin an idirghabháil airgeadais chéanna agus a bheadh déanta sa chás céanna ag an gcomhlacht poiblí i gceist;

- (y) ciallaíonn ‘taraif’ aon táille, ráta nó muirear as paisinéirí, bagáiste nó lasta (gan post a áireamh) a iompar in aeriompar (lena n-áirítear aon mhodh iompair eile a bhaineann leis sin) a ghearrann aeriompróirí, lena n-áirítear a ngníomhairí, agus na coinníollacha lena rialaítear infhaighteacht na táille, an ráta nó an mhuirir sin;
- (z) ciallaíonn ‘críoch’, i gcás Bhallstáit ASEAN, an chríoch talún, uiscí inmheánacha, uiscí oileánacha, farraige theorann, grinneall na farraige agus a bhfo-ithir, agus an t-aerspás os a gcionn; agus i gcás an Aontais, an chríoch talún, uiscí inmheánacha agus an farraige theorann a bhfuil feidhm ag Conarthaí an Aontais maidir leo agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin, chomh maith le grinneall na farraige agus a bhfo-ithir, agus an t-aerspás os a gcionn; agus
- (aa) ciallaíonn ‘muirear ar úsáideoir’ muirear a fhorchuirtear ar aeriompróirí as saoráidí nó seirbhísí slándála aerfoirt, aerloingseoireachta nó eitlíochta a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí agus saoráidí gaolmhara, nó muirear atá bainteach le torann, agus cuimsíonn sé muirir chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna áitiúla maidir le cáilíocht aeir ag aerfoirt nó timpeall orthu. Chun amhras a sheachaint, ní áirítear sa sainmhíniú sin scéimeanna chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí a bhaineann leis an aeráid ó eitlíocht idirnáisiúnta.

AIRTEAGAL 3

Cearta a bhronnadh

Sceideal aerbhealaí

1. Tabharfaidh Ballstát de ASEAN cead d’aeriompróirí an Aontais oibriú ar na haerbhealaí seo a leanas:

aon phointe laistigh den Aontas– aon idirphointe – aon phointe i mBallstát de ASEAN – aon seachphointe.

Chun críocha na n-aerbhealaí a leagtar amach thuas, áireofar pointe amháin nó níos mó in aon Bhallstát eile de ASEAN ar na pointí idirmheánacha agus ar na pointí a théann thar na pointí sin.

2. Tabharfaidh an tAontas agus a Bhallstáit cead d’aeriompróirí an Aontais oibriú ar na haerbhealaí seo a leanas:

aon phointe sa Bhallstát sin de ASEAN – aon idirphointe – aon phointe laistigh den Aontas– aon seachphointe;

Chun críocha na n-aerbhealaí a leagtar amach thuas, áireofar pointe amháin nó níos mó in aon Bhallstát den Aontas ar na pointí san Aontas.

Ceartha tráchta

3. Deonaíonn na Páirtithe dá chéile na ceartha seo a leanas maidir le hiompar aeriompair idirnáisiúnta ag a n-aeriompróirí faoi seach:

- (a) an ceart eitilt thar chríoch an Pháirtí deonaithe gan tuirlingt;
- (b) an ceart stadanna a dhéanamh chun críocha nach mbaineann le trácht i gcríoch an Pháirtí deonaithe;
- (c) an ceart atá ag aeriompróirí Ballstáit de ASEAN aeriompar idirnáisiúnta a dhéanamh, trí bhíthin seirbhísí sceidealaithe agus neamhsceidéalta paisinéirí, lasta agus comhsheirbhísí, idir aon phointe sa Bhallstát sin de ASEAN agus aon phointe san Aontas (cearta tráchta tríú agus ceathrú saoirse);
- (d) an ceart atá ag aeriompróirí an Aontais aeriompar idirnáisiúnta a dhéanamh, trí bhíthin seirbhísí sceidealaithe agus neamhsceidéalta paisinéirí, lasta agus comhsheirbhísí, idir aon phointe san Aontas agus aon phointe i mBallstáit ASEAN (cearta tráchta an tríú saoirse agus an ceathrú saoirse);
- (e) an ceart atá ag aeriompróirí an Aontais aeriompar idirnáisiúnta a dhéanamh trí bhíthin seirbhísí sceidealaithe agus neamhsceidéalta paisinéirí, lasta agus comhsheirbhísí, idir aon phointe i mBallstát de ASEAN agus aon phointe i mBallstát eile de ASEAN nó aon phointe i dtríú tír, mar chuid de sheirbhís lena tionscnamh nó lena ceann scríbe san Aontas (an cúigiú ceart tráchta saoirse), faoi réir mhír 4 den Airteagal seo;
- (f) an ceart atá ag aeriompróirí an Aontais aeriompar idirnáisiúnta a dhéanamh trí bhíthin seirbhísí sceidealaithe agus neamhsceidéalta paisinéirí, lasta agus comhsheirbhísí, idir aon phointe i mBallstát de ASEAN agus aon phointe i mBallstát eile de ASEAN nó aon phointe i dtríú tír, mar chuid de sheirbhís lena tionscnamh nó lena ceann scríbe san Aontas (an cúigiú ceart tráchta saoirse), faoi réir mhír 5 den Airteagal seo; agus

- (g) cearta eile a shonraítear sa Chomhaontú seo.

4. A mhéid a bhaineann le seirbhísí paisinéirí agus comhsheirbhísí, beidh na cearta a dheonaítear faoi mhír 3(e) den Airteagal seo faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas, i gcás gach Ballstáit de ASEAN:

- (a) Féadfar uasmhéid de sheacht (7) n-eitilt in aghaidh na seachtaine a mbeidh imeacht nó teacht isteach acu i ngach Ballstát den Aontas a oibriú i ngach treo a luaithé a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm;
- (b) Féadfar uasmhéid seacht (7) n-eitilt bhreise in aghaidh na seachtaine a mbeidh imeacht nó teacht isteach acu i ngach Ballstát den Aontas a oibriú i ngach treo tar éis dhá (2) bhliain; agus
- (c) Ní fhéadfaidh na heitiltí a oibrítear faoi mhír 4(b) den Airteagal seo freastal ar aerbhealaí idir Ballstát den Aontas agus tríú tír a bhfuil aeriompróir de chuid an Aontais ag freastal orthu cheana féin. Chun críocha na míre seo, measfar go bhfuil aeriompróir de chuid an Aontais ag freastal ar aerbhealach má oibríonn an t-iompróir sin an t-aerbhealach réamhluaite trí bhíthin seirbhísí sceidealta lena aerárthaí féin, le haerárthaí atá léasaithe le foireann nó gan fhoireann, nó, i gcás seirbhísí gan stad, trí bhíthin códroinnte.

5. A mhéid a bhaineann le seirbhísí paisinéirí agus comhsheirbhísí, beidh na cearta a dheonaítear faoi mhír 3(f) den Airteagal seo faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas, i gcás gach Ballstáit de ASEAN:

- (a) Féadfar uasmhéid de sheacht (7) n-eitilt in aghaidh na seachtaine a mbeidh imeacht nó teacht isteach acu i ngach Ballstát de ASEAN a oibriú i ngach treo a luaithé a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm;
- (b) Féadfar uasmhéid seacht (7) n-eitilt bhreise in aghaidh na seachtaine a mbeidh imeacht nó teacht isteach acu i ngach Ballstát de ASEAN a oibriú i ngach treo tar éis dhá (2) bhliain; agus
- (c) Ní fhéadfaidh na heitiltí a oibrítear faoi mhír 5(b) den Airteagal seo freastal ar aerbhealaí idir Ballstát de ASEAN agus tríú tír a bhfuil aeriompróir de chuid an Bhallstáit de ASEAN ag freastal orthu cheana féin. Chun críocha na míre seo, measfar go bhfuil iompróir Ballstáit de ASEAN ag freastal ar aerbhealach má oibríonn an t-iompróir sin an t-aerbhealach réamhluaite trí bhíthin seirbhísí sceidealta lena aerárthaí féin, le haerárthaí atá léasaithe le foireann nó gan fhoireann, nó, i gcás seirbhísí gan stad, trí bhíthin códroinnte.

Solúbthacht oibríochta

6. Féadfaidh aeriompróirí de chuid gach Páirtí déanamh mar a leanas, maidir le haon eitilt nó le haon eitiltí, agus de réir a rogha féin, i gcás na n-aerbhealaí a shonraítear i míreanna 1 agus 2 thuas:

- (a) eitiltí a oibriú i gceachtar treo nó sa dá threo;
- (b) uimhreacha eitilte éagsúla a mheascadh laistigh d'oibriú aerárthaigh amháin;
- (c) freastal ar idirphointí agus ar sheachphointí, agus ar phointí laistigh de chríocha na bPáirtithe, de réir aon teaghlaim nó aon ord de réir fhorálacha mhír 3 den Airteagal seo;
- (d) stadanna ag aon phointe nó pointí a fhágáil ar lár;
- (e) trácht a aistriú ó aon cheann dá gcuid aerárthaí go dtí aon cheann eile dá gcuid aerárthaí ag aon phointe (athrú áirthaigh);
- (f) trácht briste turais a iompar ag aon phointe, bíodh an pointe sin laistigh nó lasmuigh de chríoch na bPáirtithe;
- (g) trácht idirthurais a iompar trí chríoch Páirtí eile;
- (h) trácht a chumasc ar an aerárthach céanna cibé áit tionscnaimh atá ag an trácht sin; agus
- (i) freastal ar níos mó ná aon phointe amháin, laistigh d'aon Bhallstát amháin den Aontas nó de ASEAN, mar chuid d'aon seirbhís amháin (il-chríochfortú).

7. Féadfar an tsolúbthacht oibríochtúil dá bhforáiltear i mír 6 den Airteagal seo a fheidmiú gan aon teorannú i dtaca le geograf ná treo eitilte, ar choinníoll:

- (a) go bhfreastalaíonn seirbhísí aeriompróirí Bhallstáit de ASEAN ar phointe sa Bhallstát sin de ASEAN sin; agus
- (b) i gcás seirbhísí na n-aeriompróirí de chuid an Aontais, gur ag freastal ar phointe laistigh den Aontas a bheidh na seirbhísí sin.

8. Ceadóidh gach Páirtí do gach aeriompróir minicíocht agus toilleadh an aeriompair idirnáisiúnta a chuirfidh sé ar fáil a chinneadh de réir a bhreithiúnais ar bhreithnithe tráchtála. I gcomhsheasmhacht leis an gceart sin, ní dhéanfaidh aon Pháirtí, ag gníomhú dó go haontaobhach, teorannú ar an méid tráchta, ar mhinicíocht ná ar rialtacht na seirbhíse, ar bhealaí, áit tionscnaimh ná áit cinn scríbe an tráchta, ar an gcineál aerárthaigh nó ar chineálacha na n-aerárthaí a úsáideann aeriompróirí Páirtí eile, ach amháin ar chúiseanna custaim, teicniúla, oibríochtúla, ar chúiseanna a bhaineann le bainistiú sábháilteachta aerthrachta, le cosaint an chomhshaoil nó na sláinte, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, nó ar chúiseanna eile dá bhforáiltear ar bhealaí eile sa Chomhaontú seo.

9. Ní mheasfar go dtugann aon ní dá bhfuil sa Chomhaontú seo aon cheann de na cearta seo a leanas:

- (a) a mhéid a bhaineann le Ballstáit ASEAN, an ceart atá ag a n-aeriompróirí chun paisinéirí, bagáiste, lasta, agus/nó post a ghlacadh ar bord in aon Bhallstát den Aontas Eorpach, ar paisinéirí nó rudaí iad a bhfuiltear á n-iompar ar son íocaíochta nó cíosa agus pointe eile sa Bhallstát céanna sin den Aontas Eorpach mar cheann scríbe acu; agus
- (b) a mhéid a bhaineann leis an Aontas, an ceart atá ag a aeriompróirí chun paisinéirí, bagáiste, lasta, agus/nó post a ghlacadh ar bord in aon Bhallstát de ASEAN, ar paisinéirí nó rudaí iad a bhfuiltear á n-iompar ar son íocaíochta nó cíosa agus pointe eile sa Bhallstát céanna sin de ASEAN mar cheann scríbe acu;

AIRTEAGAL 4

Údaruithe oibríochta agus ceadanna teicniúla

1. Ar fháil iarratais ar údarú oibríochta dóibh ó aeriompróir de chuid Páirtí eile, bronnfaidh Páirtí na húdaruithe oibríochta agus na ceaduithe teicniúla iomchuí agus déanfaidh siad sin leis an moill is lú is féidir sa nós imeachta, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) I gcás aeriompróir de chuid an Ballstáit de ASEAN:
 - (i) gur sa Bhallstát sin de ASEAN atá an phríomháit ghnó ag an aeriompróir, agus go bhfuil ceadúnas oibríochta bailí aige i gcomhréir le dlí an Bhallstáit chéanna sin de ASEAN;
 - (ii) go bhfuil an rialú rialála iarbhír ar an aeriompróir á fheidhmiú agus á choinneáil ar bun ag an mBallstát de ASEAN a d'eisigh a dheimhniú aeroibreora agus go bhfuil aitheantas an údaráis inniúil léirithe go soiléir; agus

- (iii) an Ballstát sin de ASEAN, a náisiúnaigh, nó iad araon, gurb acu atá úinéireacht an aeriompróra, go díreach nó trí úinéireacht tromlaigh, agus gurb iad a rialaíonn go héifeachtach é;
- (b) I gcás aeriompróir de chuid an Aontais:
 - (i) gur i gcríoch an Aontais Eorpaigh atá an t-aeriompróir bunaithe agus go bhfuil ceadúnas bailí oibríochta aige i gcomhréir le dlí an Aontais;
 - (ii) go bhfuil an rialú rialála iarbhír ar an aeriompróir á fheidhmiú agus á choinneáil ar bun ag an mBallstát den Aontas Eorpach atá freagrach as an deimhniú aeroibreora a eisiúint agus go bhfuil aitheantas an údaráis inniúil léirithe go soiléir; agus
 - (iii) Ballstát amháin nó níos mó den Aontas, Ballstáit eile ar páirtithe iad i gComhaontú an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch; an Eilvéis, náisiúnaigh na Stát sin, nó meascán de na stáit agus na náisiúnaigh sin, nach acu atá úinéireacht an aeriompróra, go díreach nó trí úinéireacht tromlaigh, agus is iad a rialaíonn go héifeachtach é;
- (c) tá Airteagail 15 agus 16 á gcomhlíonadh; agus
- (d) Go bhfuil an t-aeriompróir ag comhlíonadh na gcoinníollacha a fhorordaítear faoi na dlíthe agus na rialacháin a chuireann an Páirtí a bheidh ag meas an iarratais i bhfeidhm de ghnáth ar oibriú an aeriompair idirnáisiúnta.

2. Chun críocha an Airteagail seo agus Airteagal 5, áirítear an méid seo a leanas ar fhianaise ar rialú rialála éifeachtach ar aeriompróir:

- (a) An t-aeriompróir lena mbaineann a bhfuil ceadúnas nó cead oibríochta bailí aige arna eisiúint ag údarás inniúil an Pháirtí lena mbaineann agus a chomhlíonann critéir an Pháirtí sin a d'eisigh an ceadúnas oibríochta nó an cead chun aersheirbhísí idirnáisiúnta a oibriú; agus
- (b) Go bhfuil cláir maoirseachta sábháilteachta agus slándála ag an bPáirtí sin le haghaidh an aeriompróra sin agus go gcoimeádann sé ar bun na seirbhísí céanna i gcomhréir le caighdeáin ICAO.

3. Agus údaruithe oibríochta agus ceaduithe teicniúla á mbronnadh ag Páirtí, caithfidh sé le haeriompróirí uile Pháirtí eile ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

4. Ar fháil iarratas ar údarú oibríochta dó ó aeriompróir de chuid Páirtí eile, tabharfaidh Páirtí aitheantas d'aon chinneadh maidir le hoiriúnacht agus/nó d'aon chinneadh maidir le saoránacht a rinne an Páirtí eile sin i leith an aeriompróra sin amhail agus dá mba iad a údaráis inniúla féin a dhéanfadh an cinneadh sin, agus ní dhéanfaidh sé aon fhiosruithe eile faoi na hábhair sin, ach amháin mar a fhoráiltear dó sin i mír 2 d'Airteagal 5. Soiléirítear mar seo a leanas – ní chumhdaítear leis an mír seo an t-aitheantas do chinntí a dhéantar maidir le deimhnithe nó ceadúnais sábháilteachta, maidir le socruithe slándála, ná maidir le cumhdach árachais.

AIRTEAGAL 5

Diúltú, cúlghairm, fionraíocht, nó teorannú údaruithe oibríochta nó ceadanna teicniúla

1. Féadfaidh Páirtí na húdaruithe oibríochta nó na ceaduithe teicniúla aeriompróra de chuid Páirtí eile a dhiúltú, a cúlghairm, a chur ar fionraí, a theorannú nó coinníollacha a fhorchur maidir leo, nó féadfaidh sé, ar bhealaí eile, oibríochtaí aeriompróra de chuid an Pháirtí eile sin a dhiúltú, a chur ar fionraí, a theorannú, nó coinníollacha a fhorchur maidir leo, más rud é:

- (a) i gcás aeriompróir de chuid an Ballstáit de ASEAN:
 - (i) nach sa Bhallstát sin de ASEAN atá an phríomháit ghnó ag an aeriompróir, nó nach bhfuil ceadúnas oibríochta bailí aige i gcomhréir le dlí an Bhallstáit chéanna sin de ASEAN; nó
 - (ii) nach bhfuil an rialú rialála iarbhír ar an aeriompróir á fheidhmiú agus á choinneáil ar bun ag an mBallstát de ASEAN a d'eisigh a dheimhniú aeroibreora agus nach bhfuil aitheantas an údaráis inniúil léirithe go soiléir; nó
 - (iii) an Ballstát sin de ASEAN, a náisiúnaigh, nó iad araon, nach acu atá úinéireacht an aeriompróra, go díreach nó trí úinéireacht tromlaigh, agus nach iad a rialaíonn go héifeachtach é;
- (b) I gcás aeriompróir de chuid an Aontais:

- (i) nach i gcríoch an Aontais Eorpaigh atá an t-aeriompróir bunaithe nó nach bhfuil ceadúnas bailí oibríochta aige i gcomhréir le dlí an Aontais; nó
 - (ii) go bhfuil an rialú rialála iarbhír ar an aeriompróir á fheidhmiú agus á choinneáil ar bun ag an mBallstát den Aontas Eorpach atá freagrach as an deimhniú aeroibreora a eisiúint agus go bhfuil aitheantas an údaráis inniúil léirithe go soiléir; nó
 - (iii) Ballstát amháin nó níos mó den Aontas, Ballstáit eile ar páirtithe iad i gComhaontú an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch; an Eilvéis, náisiúnaigh na Stát sin, nó meascán de na stáit agus na náisiúnaigh sin, nach acu atá úinéireacht an aeriompróra, go díreach nó trí úinéireacht tromlaigh, agus is iad a rialaíonn go héifeachtach é; nó
- (c) theip ar an aeriompróir na dlíthe agus na rialacháin dá dtagraítear in Airteagal 7 a chomhlíonadh;

2. I gcás ina mbeidh forais réasúnacha ag Páirtí lena chreidiúint go mbaineann aon cheann de na himthosca a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo le haeriompróir de chuid Páirtí eile, féadfaidh an Páirtí sin comhairliúchán leis an bPáirtí eile sin a iarraidh.

3. Cuirfear tús leis na comhairliúcháin sin a luaithe is féidir, agus tráth nach déanaí ná tríocha (30) lá tar éis dháta faighte an iarratais le haghaidh comhairliúchán. I gcás nach dtagtar ar chomhaontú sásúil laistigh de thríocha (30) lá nó laistigh de thréimhse, arna aontú, ó thús na gcomhairliúchán sin, nó i gcás nach ndéantar an beart ceartaitheach ar aontaíodh air, beidh sin ina fhorais ag an bPáirtí a d'iarr na comhairliúcháin chun gníomhú chun údaruithe oibríochta nó ceaduithe teicniúla aeriompróra de chuid an Pháirtí lena mbaineann a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí, a theorannú nó coinníollacha a fhorchur maidir leo, nó oibríochtaí an aeriompróra lena mbaineann a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí, coinníollacha a fhorchur maidir leo, nó teorainn a chur lena chuid oibríochtaí, ar shlí eile, chun a áirithiú go gcloífear le forálacha Airteagail 4 agus 7.

4. D'ainneoin mhír 3 den Airteagal seo, sa chás dá dtagraítear i mír 1(c) den Airteagal seo, féadfaidh Páirtí gníomhú láithreach nó go práinneach más gá sin de dheasca éigeandála, nó chun a chinntiú nach ndéantar breis neamhchomhlíonta. Soiléirítear mar seo a leanas – sula bhféadfaí dearcadh ar neamhchomhlíonadh mar bhreis neamhchomhlíonta, níor mhór ceist an neamhchomhlíonta sin a bheith ardaíthe eatarthu féin cheana ag údaráis inniúla na bPáirtithe lena mbaineann.

5. Leis an Airteagal seo, ní chuirtear teorainn le cearta aon Pháirtí chun údarú oibríochta nó cead teicniúil aeriompróra eile nó aeriompróirí Páirtí eile a dhiúltú, a

chúlghairm, a chur ar fionraí nó coinníollacha a fhorchur maidir leo nó chun teorainn a chur leis an údarú oibríochta nó cead teicniúil, nó aeriompróir nó aeriompróirí de Páirtí eile a dhiúltú, a fhionraí, coinníollacha a fhorchur maidir leo nó teorainn a chur lena gcuid oibríochtaí, ar shlí eile, i gcomhréir le forálacha Airteagail 8, 15, 16 nó 25.

AIRTEAGAL 6

Úinéireacht agus rialú a léirscaoileadh

Aithníonn na Páirtithe na tairbhí féideartha a ghabhann leis an léirscaoileadh forchéimnitheach ar úinéireacht agus ar rialú a gcuid aeriompróirí. Féadfaidh na Páirtithe iniúchadh a dhéanamh sa Chomhchoiste, dá dtagraítear in Airteagal 23 tráth éigin is iomchuí, na féidearthachtaí maidir le húinéireacht agus rialú na n-aeriompróirí a léirscaoileadh go comhpháirteach. Féadfaidh an Comhchoiste leasuithe ar an gComhaontú seo a mholadh ina dhiaidh sin i gcomhréir le mír 4(f) d'Airteagal 23 agus le hAirteagal 28.

AIRTEAGAL 7

Dlíthe agus rialacháin a chomhlíonadh

1. Le linn dul isteach i gcríoch Páirtí eile, nó le linn a bheith laistigh den chríoch sin nó le linn a bheith á fágáil, comhlíonfaidh aeriompróirí Pháirtí na dlíthe agus na rialacháin a bhaineann le haerárthaí aeriompair idirnáisiúnta a ligean isteach ina chríoch, a ligean amach as a chríoch nó a ligean i gceann oibríochta laistigh dá chríoch.

2. Le linn dul isteach i gcríoch Páirtí eile, nó le linn a bheith laistigh den chríoch sin nó le linn a bheith á fágáil, comhlíonfaidh paisinéirí, criú, bagáiste, lasta agus/nó post Páirtí, nó comhlíonfar thar a gceann, na dlíthe agus na rialacháin (ar a n-áirítear rialacháin a bhaineann le dul isteach, imréiteach, inimirce, pasanna, custaim agus coraintín, nó i gcás poist, na rialacháin phoist) a bhaineann leis na paisinéirí sin, leis an gcriú sin, leis an mbagáiste sin, leis an lasta sin agus leis na haerárthaí sin a ligean isteach ina chríoch, a ligean amach as a chríoch nó a ligean i gceann oibríochta laistigh dá chríoch.

3. Ceadóidh gach Páirtí d'aeriompróirí Páirtí eile bearta a dhéanamh, laistigh dá chríoch féin, chun a áirithiú nach n-iomprófar ach daoine a bhfuil na doiciméid taistil ina seilbh a theastaíonn chun dul isteach i gcríoch an Pháirtí eile sin nó chun dul tríd an gcríoch sin ar a n-idirthuras.

AIRTEAGAL 8

Iomaíocht chóir

1. Comhaontaíonn na Páirtithe gurb é an comhchuspóir atá acu timpeallacht chóir iomaíoch a bheith ann ina dtairbhíonn aeriompróirí na bPáirtithe de dheiseanna cothroma comhionanna chun dul san iomaíocht i soláthar seirbhísí aeriompair.

2. Chun an cuspóir dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a bhaint amach, déanfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas:

- (a) dlí na hiomaíochta a ghlacadh nó a choinneáil;
- (b) údarás iomaíochta a bhunú nó a choinneáil ar bun a bheidh neamhspleách ó thaobh oibríochta de agus a mbeidh na cumhachtaí agus na hacmhainní go léir is gá aige agus a dhéanfaidh dlí iomaíochta an Pháirtí a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Beidh cinntí an údaráis iomaíochta faoi réir achomhairc agus athbhreithnithe ag cúirt nó ag binse an Pháirtí sin;
- (c) laistigh dá ndlínsí faoi seach, deireadh a chur le haon fhoirm den idirdhealú nó den chleachtas éagórach a dhéanfaidh dochar a mhéid a bhaineann le deis chóir chomhionann a bheith ag aeriompróirí Páirtí eile dul san iomaíocht i soláthar seirbhísí aeriompair. Chun amhras a sheachaint, ní áireofar le haon ní i mír 2(c) den Airteagal seo an t-iompar a thuairiscítear i mír 1(g) d'Airteagal 2; agus
- (d) ní dheonóidh siad ná ní choinneoidh siad ar bun fóirdheontais d'aon aeriompróir más rud é go ndéanfaidh na fóirdheontais sin difear a mhéid a bhaineann le deis chóir chomhionann a bheith ag aeriompróirí Páirtí eile san iomaíocht i soláthar aersheirbhísí.

3. D'ainneoin mhír 2(d) den Airteagal seo, féadfar an méid seo a leanas a dheonú:

- (a) tacaíocht d'aeriompróirí dócmhainneacha nó d'aeriompróirí atá i gcor anásta, ar choinníoll:
 - (i) go mbeidh sé de choinníoll leis an tacaíocht go bhfuil plean inchreidte athstruchtúrúcháin ann, agus é bunaithe ar thiomhdí réadúla, d'fhonn a áirithiú go mbainfidh an t-aeriompróir anásta sin staid inmharthanachta fadtéarmaí amach laistigh d'am réasúnta; agus

- (ii) go rannchuideoidh an t-aeriompróir féin, a infheisteoirí nó a scairshealbhóirí, ar dhóigh shuntasach, le costais an athstruchtúrúcháin;
- (b) tacaíocht shealadach leachtachta d'aeriompróir i bhfoirm iasachta nó barántais iasachta agus an tacaíocht sin arna teorannú don mhéid is lú is gá chun an t-aeriompróir i gceist a choinneáil i gceann gnó ar feadh an ama is gá chun teacht ar phlean athstruchtúrúcháin nó leachtúcháin;
- (c) go dteorannófar iad don mhéid is lú is gá chun go sroichfí an cuspóir a bhí lena ndeonú agus go n-imreofar a laghad is féidir de thionchar ar sholáthar na seirbhísí aeriompair idir na Páirtithe:
 - (i) fóirdheontais chun an damáiste a dhéanann tubaiste nádúrtha nó tarluithe eisceachtúla a shlánú
 - (ii) fóirdheontais chun suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar ceann de na Páirtithe a leigheas;
 - (iii) fóirdheontais d'aeriompróirí a bhfuil oibleagáidí seirbhíse poiblí atá sainithe go soiléir leagtha de chúram orthu, oibleagáidí a bhfuil gá leo chun riar do riachtanais iompair an phobail agus nach bhféadfadh fórsaí an mhargaidh, astu féin, riar dóibh, ar choinníoll go mbeidh na fóirdheontais sin teoranta d'íocaíocht réasúnta ar son sholáthar na haersheirbhíse lena mbaineann; agus
 - (iv) fóirdheontais atá ar fáil do na hiompróirí go léir agus nach bhfuil teoranta d'aeriompróirí áirithe, *de jure* nó *de facto*.

4. Áiritheoidh na Páirtithe go bhfoilséoidh gach aeriompróir dá gcuid a sholáthraíonn seirbhísí aeriompair faoin gComhaontú seo, nó go n-ullmhóidh siad ar shlí eile, tuarascáil bhliantúil airgeadais agus ráiteas airgeadais a ghabhann leis atá iniúchta go neamhspleách agus atá i gcomhréir le caighdeáin um chuntasaíocht agus um nochtadh airgeadais corparáideach atá aitheanta go hidirnáisiúnta, amhail na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais. Ar aon chuma, aithneofar fóirdheontais ar leithligh sa tuarascáil airgeadais.

5. A mhéid a bhaineann go sonrach le haeriompar, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh idirbhearta ábhartha idir a chuid aeriompróirí agus soláthraithe earraí agus seirbhísí ar fiontair faoi úinéireacht Stáit iad (i gcibé foirm) de chuid an Pháirtí sin, bunaithe ar théarmaí tráchtála atá coibhéiseach leo sin atá i réim in idirbhearta ar neamhthuilleamaí.

6. Déanfaidh gach Páirtí, ar iarraidh ó Pháirtí eile, faisnéis ábhartha a sholáthar don Pháirtí eile sin laistigh de thríocha (30) lá nó laistigh de thréimhse ama chomhaontaithe, ar faisnéis í a fhéadfar a iarraidh le réasún chun a áirithiú go bhfuil forálacha an Airteagail seo á gcomhlíonadh. D'fhéadfadh faisnéis bhreise a bheith san áireamh maidir le fóirdheontais agus leis na hítimí a luaitear i míreanna 4 agus 5 den Airteagal seo. Má iarrtar an fhaisnéis sin, beidh sí faoi réir a láimhseála i modh rúin ag an bPáirtí a fhaigheann an fhaisnéis.

7. Má mheasann Páirtí amháin nó níos mó (dá ngairtear, dóibh uile le chéile, 'an páirtí is tionscnóir' chun críocha an Airteagail seo anseo feasta) go ndéanann na nithe seo a leanas dochar do dheiseanna córa comhionanna a n-aeríompróirí dul san iomaíocht:

- (a) idirdhealú nó cleachtais éagóracha a thoirmisctear faoi mhír 2(c) den Airteagal seo;
- (b) fóirdheontas a thoirmisctear faoi mhír 2(d) den Airteagal seo, seachas iad siúd atá liostaithe i mír 3 den Airteagal seo; nó
- (c) mura gcuirtear ar fáil faisnéis a iarrtar faoi mhír 6 den Airteagal seo,

féadfaidh sé gníomhú i gcomhréir le míreanna 8 go 10.

8. Cuirfidh an páirtí is tionscnóir iarraidh i scríbhinn ar chomhairliúcháin faoi bhráid an Pháirtí nó na bPáirtithe lena mbaineann (dá ngairtear, dóibh uile le chéile, 'an páirtí a thug an freagra' chun críocha an Airteagail seo anseo feasta). Cuirfear tús leis na comhairliúcháin laistigh de thríocha (30) lá ó dháta faighte an iarratais, mura mbeidh a mhalairt comhaontaithe ag na páirtithe réamhluaite.

9. Mura dtagann an páirtí is tionscnóir agus an páirtí is freagróir ar chomhaontú maidir leis an ábhar laistigh de sheasca (60) lá ó dháta faighte an iarratais ar chomhairliúcháin, féadfaidh an páirtí tionscnaimh bearta a dhéanamh i gcoinne aeríompróirí uile an pháirtí freagartha, nó i gcoinne cuid de na haeríompróirí sin, a ghlac páirt san iompar atá á chonspóid nó a bhain leas as an idirdhealú, as na cleachtais éagóracha nó as na fóirdheontais i dtrácht.

10. Na bearta a dhéanfar de bhun mhír 9 den Airteagal seo, beidh siad iomchuí, comhréireach agus ní rachaidh siad, i dtaca lena raon agus lena bhfad ama, thar an méid is gá go fíor, chun maolú ar an díobháil d'aeríompróirí an pháirtí is tionscnóir agus chun deireadh a chur leis an mbuntáiste míchuí a bheidh gnóthaithe ag na haeríompróirí a mbeidh na bearta dírithe orthu.

11. I gcás ina ndéanfar ábhair a bhaineann leis an Airteagal seo a tharchur chuig an nós imeachta um réiteach díospóide a leagtar síos in Airteagal 25:

- (a) D'ainneoin mhíreanna 2 agus 3 d'Airteagal 25, féadfar an díospóid a chur faoi bhráid duine nó comhlachta láithreach lena cinneadh, nó a chur faoi eadráin; agus
- (b) déanfar na hamlínte a luaitear i míreanna 10, 11 agus 12 d'Airteagal 25 a laghdú faoina leath.

12. Ní dhéanfadh aon ní dá bhfuil sa Chomhaontú seo aon dochar, aon teorannú ná aon chontúirt, ar aon slí, don údarás ná do na cumhachtaí atá ag údaráis iomaíochta na bPáirtithe nó ag cúirteanna na mbinsí a dhéanann athbhreithniú ar chinntí na n-údarás sin. Aon bheart a dhéanfaidh páirtí is tionscnóir de bhun mhír 9 den Airteagal seo, beidh sé gan dochar d'aon ghníomh nó beart ab fhéidir a dhéanfadh na húdaráis agus na cúirteanna nó binsí réamhluaite, ar a n-áirítear cinn an pháirtí is tionscnóir. Déanfar gníomhaíochtaí agus bearta údaráis iomaíochta na bPáirtithe agus na gcúirteanna nó na mbinsí a dhéanann athbhreithniú ar chinntí na n-údarás sin a eisiamh ón sásra um réiteach díospóide a leagtar síos in Airteagal 25.

AIRTEAGAL 9

Gnó a dhéanamh

1. Tá na Páirtithe ar aon intinn faoi gur lú na tairbhí a bhainfí amach leis an gComhaontú seo dá mbeadh tosca a chuirfeadh bacainní roimh dhéanamh gnóthaíochta ag teacht sa chosán ag a n-aeríompróirí. Comhaontaíonn na Páirtithe comhoibriú chun deireadh a chur le bacainní den sórt sin i gcás ina bhféadfadh bacainní den sórt sin teacht sa chosán ar oibríochtaí tráchtála, saobhadh ar an iomaíocht a chruthú, nó difear a dhéanamh do chomhdheiseanna san iomaíocht.

2. Déanfaidh an Comhchoiste faireachán ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le dul i ngleic go héifeachtach le bacainní ar ghnó a bhaineann d'aeríompróirí na bPáirtithe.

AIRTEAGAL 10

Oibríochtaí tráchtála

1. Deonaíonn na Páirtithe dá chéile na cearta a leagtar amach i míreanna 2 go 17 den Airteagal seo. Ní chuirfear de cheangal ar aeríompróirí na bPáirtithe comhpháirtí áitiúil a choimeád chun críocha an Airteagail seo.

Ionadaithe na n-aeríompróirí

2. Ceadófar d'aeriompróirí gach Páirtí oifigí agus saoráidí a bhunú, gan bhac, i gcríoch Páirtí eile de réir mar is gá chun seirbhísí a sholáthar faoin gComhaontú seo a mhéid is féidir agus gan idirdhealú.

3. Gan dochar do rialacháin sábháilteachta agus slándála, i gcás ina mbeidh na saoráidí sin lonnaithe in aerfort d'fhéadfaidís a bheith faoi réir teorainneacha ó thaobh infhaighteacht spáis.

4. Beidh cead ag aeriompróirí gach Páirtí, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin Páirtí eile a bhaineann le dul isteach, áit chónaithe agus fostaíocht, beidh cead acu foireann bhainistíochta, díolacháin, oibríochtúil, agus foireann speisialtóireachta eile, a theastaíonn chun tacú le soláthar an aeriompair, a thabhairt isteach i gcríoch an Pháirtí eile sin agus a choinneáil ar bun sa chríoch sin. Déanfaidh an dá Pháirtí bronnadh na n-údaruithe fostaíochta a phróiseáil go tapa, i gcás ina dteastaíonn, le haghaidh baill foirne a bheifear a fhostú in oifigí dá dtagraítear sa mhír seo, ar a n-áirítear pearsanra ar dhualgais shealadacha, faoi réir na ndlíthe agus na rialachán ábhartha a bheidh i bhfeidhm.

Láimhseáil ar an talamh

5. (a) Gan dochar do mhír 5(b) den Airteagal seo, ceadófar d'aeriompróirí gach Páirtí, i ndáil le láimhseáil ar an talamh i gcríoch Páirtí eile an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) a gcuid láimhseáil ar an talamh a dhéanamh iad féin (féinláimhseáil); nó

(ii) roghnú a dhéanamh i measc soláthróirí iomaíocha, i gcás ina mbeidh seirbhísí láimhseála ar an talamh á gcur ar fáil go hiomlán nó go páirteach ag na soláthróirí sin, de réir dlíthe agus rialacháin an Pháirtí lena mbaineann.

(b) Beidh mír 5(a) den Airteagal seo faoi réir breithniúchán i ndáil le sábháilteacht, slándáil agus le srianta fisiciúla nó oibríochtúla. I gcás ina gcuirfidh na breithniúcháin sin teorannú, cosc nó bac glan ar an bhféinláimhseáil agus i gcás nach mbeidh aon iomaíocht éifeachtach idir soláthróirí a sholáthraíonn seirbhísí láimhseála ar an talamh, áiritheoidh an Páirtí ábhartha go mbeidh na seirbhísí sin uile le fáil ar bhonn comhionann agus ar bhonn leordhóthanach do na haeriompróirí uile; agus cinnfear praghsanna na seirbhísí sin i gcomhréir le critéir ábhartha oibiachtúla thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha.

Sliotáin ar aerfoirt a leithdháileadh

6. Áiritheoidh gach Páirtí, i dtaca leis na rialacháin, na treoirlínte agus na nósanna imeachta atá aige i ndáil le leithdháileadh sliotán ag na haerfoirt ina chríocha, go gcuirfear iad sin i bhfeidhm ar bhealach ábhartha oibiachtúil trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

Pleananna, cláir agus sceidil oibríochta

7. Féadfaidh Páirtí a éileamh go dtabharfaí dá údaráis inniúla, chun críocha faisnéise amháin, fógra faoi phleananna, cláir agus sceidil oibríochta le haghaidh aersheirbhísí a oibrítear faoin gComhaontú seo. I gcás ina n-éileoidh Páirtí an fógra sin, laghdóidh sé an t-ualach riaracháin a bhaineann lena cheanglais agus lena nósanna imeachta maidir le fógra, ualach riaracháin atá ar iompar ag idirghabhálaithe aeriompair agus aeriompróirí an Pháirtí eile.

Díolacháin, costais áitiúla agus aistriú cistí

8. Ceadófar d'aeriompróirí gach Páirtí bheith ag gabháil do dhíol aeriompair agus seirbhísí gaolmhara, dá gcuid féin agus do sheirbhísí aon aeriompróra eile, i gcríoch Páirtí eile. Féadfaidh aeriompróir, dá rogha féin, é sin a dhéanamh go díreach agus/nó trína ghníomhairí díolacháin, idirghabhálaithe eile arna gceapadh ag an aeriompróir nó ar an idirlíon nó ar aon bhealach eile atá ar fáil. Ceadófar díol agus ceannach na seirbhísí iompair agus na seirbhísí gaolmhara sin in airgeadra chríoch an díola nó an cheannaigh, nó in airgeadra inmhalartaithe go héasca.

9. Ceadófar d'aeriompróirí gach Páirtí íoc as costais áitiúla, lena n-áirítear breosla a cheannach i gcríoch Páirtí eile, in airgeadra áitiúil, nó, dá rogha féin, in airgeadra inmhalartaithe go héasca de réir ráta malairte an mhargaidh.

10. (a) Ceadófar d'aeriompróirí gach Páirtí, arna éileamh sin orthu ioncam áitiúil a athrú go hairgeadraí inmhalartaithe go héasca agus an t-ioncam sin a tharchur tráth ar bith, ar bhealach ar bith, ó chríoch Pháirtí eile go dtí an tír is rogha leo. Maidir le comhshó agus tarchur, ceadófar iad go pras, gan aon srian ná cáin a chur orthu, agus é sin ag ráta malairte an mhargaidh is infheidhme maidir le hidirbhearta agus tarchur reatha ar an dáta a dhéanfaidh an t-aeriompróir a iarratas bunaidh ar tharchur agus ní bheidh siad faoi réir aon mhuirear cé is moite de na muirir a ghearrann bainc de ghnáth as comhshó agus tarchur den chineál sin a chur i gcrích.

(b) I gcás ina mbeidh, in imthosca eisceachtúla, gluaiseachtaí caipitil agus íocaíochtaí caipitil, lena n-áirítear aistrithe, ina gcúis le deacrachtaí tromchúiseacha, nó go mbagraíonn siad a bheith ina gcúis le deacrachtaí tromchúiseacha chun geilleagair Páirtí a oibriú, féadfaidh an Páirtí sin bearta a ghlacadh a chuireann srian leis na cearta atá leagtha síos i mír 10(a) den Airteagal seo, ar choinníoll go bhfuil bearta den sórt sin sealadach agus fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí sin. Ní ionann iad na bearta sin

agus idirdhealú treallach nó idirdhealú gan bonn cirt i leith aeriompróirí na bPáirtithe eile i gcomparáid le hiompróirí aon tíre eile.

Socruithe margaiochta comhoibritheacha

11. Agus iad ag oibriú nó ag tairiscint seirbhísí aeriompair faoin gComhaontú seo, ceadófar d'aeriompróirí gach Páirtí dul i mbun socruithe comharmhargaiochta, socruithe amhail spásbhlocáil áirithintí nó comhroinnt cód eitleite mar shampla, leo seo a leanas:

- (a) aon aeriompróir nó aeriompróirí na bPáirtithe;
- (b) aon aeriompróir nó aeriompróirí tríú tír; agus
- (c) aon soláthraí, de chuid aon tíre, a sholáthraíonn seirbhís iompair (de mhuir is tír),

ar choinníoll (i) go bhfuil na cearta tráchta iomchuí ag an iompróir oibríoch, (ii) go mbeidh na cearta bealaigh bunúsacha iomchuí ag na hiompróirí margaiochta agus (iii) go gcomhlíonfaidh na socruithe na ceanglais rialála a chuirtear i bhfeidhm de ghnáth ar shocruithe den chineál sin.

12. I bhfeidhmiú nó síneadh seirbhísí faoin gComhaontú seo, faoi réir Airteagal A, ceadófar d'aeriompróirí gach Páirtí dul i mbun socruithe comharmhargaiochta, socruithe amhail spásbhlocáil áirithintí nó comhroinnt cód eitleite mar shampla, le haeriompróirí ata ag oibriú na coda intíre, ar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) is cuid d'aistear idirnáisiúnta í an chuid intíre; agus
- (b) agus go gcomhlíonfaidh na socruithe na ceanglais a chuirtear i bhfeidhm de ghnáth ar shocruithe den chineál sin.

Chun críoch na míre seo, i gcás ina bhfuil aeriompróir oibríoch na coda intíre ina aeriompróir de chuid an Aontais, ciallaíonn an chuid intíre aerbhealach laistigh de chríoch Ballstáit den Aontas Eorpach; agus, i gcás inar iompróir de Bhallstát ASEAN é iompróir na céime intíre, aerbhealach laistigh de chríoch an Bhallstáit sin de chuid ASEAN.

13. Maidir le díol iompair paisinéirí ar shlí a bhain feidhm as socruithe margaiochta comhoibritheacha, cuirfear an ceannaitheoir ar an eolas ag an díolphointe, nó in aon chás ag an bpointe seiceála isteach, nó roimh an mbordáil i gcás nach mbíonn seiceáil isteach riachtanach le haghaidh nasceitilte, maidir le cé na soláthróirí iompair a oibreoidh gach céim den tseirbhís.

Seirbhísí idirmhódúla

14. I ndáil le hiompar paisinéirí, ní bheidh soláthróirí iompair de mhuir agus tír faoi réir na ndlíthe agus na rialachán lena rialaítear an t-aeriompar ar an mbonn amháin gur faoina ainm féin a thairgeann aeriompróir an t-iompar de mhuir agus tír sin.

15. D'ainneoin aon fhoráil eile de chuid an Chomhaontaithe seo, beidh sé de chead, gan aon srian, ag na haeriompróirí agus na soláthróirí indíreacha iompair lastais de gach Páirtí, i dtaca le nascadh le haeriompar idirnáisiúnta, úsáid a bhaint as iompar de mhuir agus tír go dtí pointí i gcríocha na bPáirtithe, nó i dtríú tíortha, nó ó na pointí agus na tíortha sin, ar a n-áirítear iompar go dtí na haerfoirt uile ina bhfuil saoráidí custaim, nó ó na haerfoirt sin, agus (i gcás inarb infheidhme) an ceart chun lasta faoi bhanna a iompar faoi na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme. Beidh rochtain ag lastas den sórt sin, cibé á bhogadh de mhuir agus tír nó san aer, ar phróiseáil agus saoráidí custaim aerfoirt. Féadfaidh aeriompróir a roghnú go ndéanfaidh sé an t-iompar de mhuir agus tír iad féin nó go gcuirfidh siad ar fáil é trí bhíthin socrúithe le soláthróirí eile iompair de mhuir agus tír, ar a n-áirítear iompar de mhuir agus tír a oibríonn aeriompróirí eile agus soláthróirí indíreacha aeriompair lastais. D'fhéadfaí seirbhísí lastais idirmhódúla den sórt sin a thairiscint ar phraghas aonair ar an iompar aer agus de mhuir is tír le chéile, ar choinníoll nach gcuirtear lastóirí amú maidir leis na fórais a bhaineann leis an iompar sin.

Léasú

16. Ceadófar d'aeriompróirí gach Páirtí seirbhísí aeriompair a sholáthar faoin gComhaontú seo ar na bealaí seo a leanas:

- (a) trí úsáid a bhaint as aerárthaí arna léasú gan chriú ó aon léasóir;
- (b) trí úsáid a bhaint as aerárthaí ar léas le criú ó aeriompróirí eile den Pháirtí céanna le haeriompróir an léasaí; nó
- (c) trí úsáid a bhaint as aerárthaí ar léas le criú ó aeriompróirí tíre eile seachas tír aeriompróir an léasaí, ar choinníoll go bhfuil údar cuí leis sin ar bhonn riachtanais eisceachtúla, riachtanais toillte shéasúracha nó deacrachtaí oibríochtúla atá ag an léasaí agus fad agus nach dtéann tréimhse an léasa thar an tréimhse atá riachtanach go fóir chun na riachtanais sin a chomhlíonadh nó chun na deacrachtaí sin a shárú.

17. Féadfaidh na Páirtithe lena mbaineann a éileamh go mbeidh formheas a gcuid údarás inniúil ag socrúithe léasaithe chun a fhíorú go bhfuiltear ag comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach sa mhír seo agus na gceanglas infheidhme sábháilteachta agus slándála. Mar sin féin, i gcás ina n-éileoidh Páirtí an formheas

sin, féachfaidh sé le breis luais a chur faoin bpróiseas formheasta agus féachfaidh sé leis an ualach riaracháin ar na haeriompróirí lena mbaineann a choinneáil chomh héadrom agus is féidir. Soiléirítear mar seo a leanas – tá forálacha na míre seo gan dochar do dhlíthe agus rialacháin aon Pháirtí a mhéid a bhaineann le haerárthaí a bheith ar léas ag aeriompróirí de chuid an Pháirtí sin.

AIRTEAGAL 11

Dleachtanna custaim agus cánacha eile

1. Ar theacht isteach i gcríoch Páirtí eile, aerárthaí atá á n-oibriú san aeriompar idirnáisiúnta ag aeriompróirí Páirtí, beidh díolúine ag na haerárthaí sin i dtaca lena gcuid gnáth-threalaimh, lena gcuid breosla, lena gcuid bealaidh/bealaí, lena soláthairtí teicniúla so-chaite, lena gcuid trealaimh talún, lena gcuid páirteanna spártha (lena n-áirítear innill), lena stórtha aerárthaigh (lena n-áirítear nithe mar bhia, deochanna agus licéar, tobac agus táirgí eile a bhfuil sé i gceist iad a dhíol le paisinéirí nó a thabhairt dóibh i gcainníocht theoranta lena n-úsáid le linn na heitille) agus i dtaca le nithe eile a bhfuil sé i gceist iad a úsáid i ndáil le hoibriú nó le seirbhísiú aerárthaí atá i gceann aeriompar idirnáisiúnta, maidir leis an trealamh agus leis na soláthairtí sin, ar bhonn na cómhalartachta, a mhéid is féidir faoi dhlíthe agus rialacháin intíre na bPáirtithe faoi seach, agus ar choinníoll go gcoinneofar an trealamh agus na soláthairtí sin ar bord an aerárthaigh, beidh díolúine acu ó gach srian allmhairiúcháin, ó gach cáin ar mhaoín agus ó gach tobhach ar chaipiteal, ó gach dleacht chustaim, ó gach dleacht mháil, ó tháillí cigireachta, ó cháin bhreisluacha nó cánacha indíreacha eile cosúil léi, agus ó gach táille agus muirear eile cosúil leo ar cinn iad:

- (a) a fhorchuireann údaráis ábhartha an Pháirtí eile sin; agus
- (b) nach mbeidh bunaithe ar chostas na seirbhíse a soláthraíodh.

Chun amhras a sheachaint, measfar gur maoin shochorraithe na haerárthaí agus na hearraí eile dá dtagraítear sa mhír seo, agus ní dhéanfaidh aon ní san Airteagal seo difear do bhailíocht Airteagal 24 de Choinbhinsiún Chicago ná don Airteagal sin a chur i bhfeidhm.

2. Maidir leis an méid seo a leanas freisin, a mhéid is féidir faoi dhlíthe agus rialacháin baile na bPáirtithe faoi seach agus ar bhonn na cómhalartachta, beidh sé saor ó na cánacha, ó na tobhaigh, ó na dleachtanna, ó na táillí agus ó na muirir dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cé is moite de mhuirir a bheidh bunaithe ar chostas na seirbhíse a sholáthrófar:

- (a) stóir aerárthaigh a thugtar isteach nó a sholáthraítear i gcríoch Páirtí eile agus a thógtar ar bord, laistigh de theorainneacha réasúnacha, le húsáid ar aerárthach amach de chuid aeriompróir Páirtí atá i mbun

aeriompar idirnáisiúnta, fiú nuair atá na stóir sin le húsáid ar chuid den turas arna dhéanamh os cionn na críche sin;

- (b) trealamh talún agus páirteanna breise (lena n-áirítear innill) a thabharfar isteach i gcríoch Páirtí eile chun seirbhísiú, cothabháil nó deisiú aerárthaí aeriompróra Páirtí a úsáidtear in aeriompar idirnáisiúnta, fiú nuair a bheidh an trealamh agus na páirteanna breise sin le húsáid ar chuid den turas a dhéanfar thar an gcríoch sin;
- (c) breosla, bealadh nó bealaí, agus soláthairtí teicniúla inchaite, a thabharfar isteach nó a sholáthrófar i gcríoch Páirtí eile lena n-úsáid in aerárthach de chuid aeriompróra Páirtí atá i gceann aeriompar idirnáisiúnta, fiú i gcás ina mbeidh na stórtha sin le cur in úsáid ar feadh páirte den turas a dhéanfar thar an gcríoch sin; agus
- (d) ábhar clóite, dá bhforáiltear i reachtaíocht chustaim Páirtí eile, a thabharfar isteach nó a sholáthrófar i gcríoch an Pháirtí eile sin agus a thabharfar ar bord lena úsáid ar aerárthaí amach de chuid aeriompróra Páirtí atá i gceann aeriompar idirnáisiúnta, fiú i gcás ina mbeidh an t-ábhar clóite sin le cur in úsáid ar feadh páirte den turas a dhéanfar thar an gcríoch sin.

3. Maidir leis na díolúintí dá bhforáiltear san Airteagal seo, tabharfaidh na Páirtithe cóir d'aeriompróirí Páirtí eile nach lú fabhar ná an chóir a thugann siad dá n-aeriompróirí féin nó d'iompróirí aon tríú tír, pé acu is fabhraí.

4. Ní chuirfidh aon ní dá bhfuil sa Chomhaontú seo cosc ar Pháirtí cánacha, tobhaigh, táillí nó muirir a fhorchur ar bhreosla a sholáthrófar ina chríoch, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, lena húsáid in aerárthaí aeriompróra Páirtí eile atá ag soláthar aersheirbhíse idir dhá phointe laistigh dá chríoch.

5. An gnáth-threalamh a bhíonn ar bord agus an t-aerárthach san aer, maille leis an ábhar, na soláthairtí agus na páirteanna spártha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a choinnítear de ghnáth ar bord aerárthaí a oibríonn aeriompróir Pháirtí, ní fhéadfar iad a dhíluchtú i gcríoch Páirtí eile ach amháin le formheas údaráis chustaim an Pháirtí eile sin agus féadann sé go n-éileofar go gcoinneofar iad faoi fhormhaoirseacht nó faoi rialú na n-údarás sin, go dtí an t-am a ndéanfar iad a onnmhairiú nó a chur de lámh ar bhealach eile i gcomhréir leis an rialachán custaim.

6. Beidh na díolúintí dá bhforáiltear san Airteagal seo ar fáil freisin i gcás ina bhfuil conradh déanta ag aeriompróirí Páirtí le haeriompróir eile, a bhaineann leas as na díolúintí céanna ó Pháirtí eile, le haghaidh iasacht nó aistriú na míreanna a shonraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo i gcríoch an Pháirtí eile sin.

7. Ní chuirfidh aon ní sa Chomhaontú seo cosc ar Pháirtí cánacha, tobhaigh, dleachtanna, táillí nó muirir a ghearradh ar earraí a dhíoltar seachas le haghaidh úsáid ar bord do phaisinéirí i rith céim aersheirbhíse idir dhá phointe laistigh dá chríoch ina cheadaítear bordáil nó díbhordáil.

8. Bagáiste agus lasta ar idirthuras díreach trasna críche de chuid Páirtí, beidh díolúine acu ó chánacha, ó dhleachtanna custaim, ó tháillí agus ó mhuirir eile cosúil leo nach mbeidh bunaithe ar chostas na seirbhíse a soláthraíodh.

9. Trealamh agus soláthairtí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadann sé go n-éileofar go gcoinneofar iad faoi fhorghaoirseacht nó faoi rialú na n-údarás inniúil.

10. Ní dhéantar aon difear leis an gComhaontú seo d'fhorálacha na gcomhaontaithe ábhartha faoi seach atá i bhfeidhm idir Ballstáit ASEAN agus Ballstáit den Aontas Eorpach chun cánachas dúbailte ar ioncaim agus ar chaipiteal a sheachaint.

AIRTEAGAL 12

Muirir úsáideora

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh aon mhuirir ar úsáideoir arna bhforchur ag a údarás nó a chomhlachtaí inniúla ar aeriompróirí Páirtí eile as úsáid aerloingseoireachta agus rialaithe aerthráchta, go mbeidh na muirir sin costas-choibhneasach agus neamh-idirdhealaitheach, agus go mbeidh siad ar théarmaí nach lú fabhar ná na téarmaí is fabhraí atá ar fáil d'aon aeriompróir eile in imthosca comhchosúla an tráth a chuirfear na muirir i bhfeidhm.

2. Cé is moite de mhuirir arna dtobhach i leith na seirbhísí a thuairiscítear i mír 5 d'Airteagal 10, áiritheoidh gach Páirtí maidir le haon mhuirir ar úsáideoir a fhorchuirfidh a údarás nó a chomhlachtaí muirir inniúla ar aeriompróirí Páirtí eile as úsáid a bhaint as aerfort, as slándáil eitlíochta, agus as saoráidí agus seirbhísí gaolmhara, nach mbeidh na muirir sin idirdhealaitheach go héagórach, agus go ndéanfar iad a chionroinnt go cothrom i measc na gcatagóirí úsáideoirí. Ní rachaidh na muirir thar mhéid an chostais iomláin a bhí ar na húdarás nó na comhlachtaí muirir inniúla a ghabh le soláthar na saoráidí agus na seirbhísí iomchuí aerfoirt agus slándála eitlíochta ag an aerfort sin nó ag na haerfoirt a bhfuil córas muirir comhchoiteann i bhfeidhm iontu. D'fhéadfaí toradh réasúnach ar shócmhainní, tar éis dímhéasa, a áireamh sna táillí sin, áfach. Saoráidí agus seirbhísí a bhforchuirfear muirir úsáideora ina leith, cuirfear ar fáil iad ar bhonn éifeachtúil tíosach. In aon chás, agus na muirir sin á bhforchur ar aeriompróirí Páirtí eile, ní bheidh téarmaí na muirear níos neamhfhabhraí ná na téarmaí is fabhraí a bheidh le fáil ag aon aeriompróir eile in imthosca comhchosúla tráth a dhéanfar measúnú ar na muirir.

3. Éileoidh gach Páirtí ar a údaráis nó a chomhlachtaí muirir inniúla dul i gcomhairle leis na haeriompróirí a úsáideann na seirbhísí agus na saoráidí agus pé faisnéis a thabhairt dá chéile is gá chun go bhféadfar measúnú cruinn a dhéanamh ar réasúntacht na muirear i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfaidh a údaráis nó a chomhlachtaí muirir fógra réasúnta do na haeriompróirí faoi aon mholadh maidir le hathruithe ar mhuirir úsáideora chun go mbeidh deis acu a dtuairimí a nochtadh agus tráchtanna a chur ar fáil sula ndéanfar aon athrú.

AIRTEAGAL 13

Taraifí

1. Ceadóidh na Páirtithe d'aeriompróirí na bPáirtithe taraifí a bhunú saor ó bhac.
2. Féadfaidh aon Pháirtí a éileamh, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, go dtabharfar fógra dá údaráis inniúla, ar bhonn simplithe agus le haghaidh críocha faisnéise amháin, faoi tharaifí a thairgfear i leith seirbhísí, arb í a gcríoch féin a n-áit tionscnaimh, seirbhísí a sholáthróidh aeriompróirí d'aon cheann de na Páirtithe. Ní fhéadfar a éileamh ar na haeriompróirí an fógra sin a thabhairt roimh an am a ndéanfaidh siad an tairiscint bhunaídh taraife.

AIRTEAGAL 14

Staidreamh

1. Déanfaidh gach Páirtí staidreamh atá ar fáil a bhaineann le haeriompar faoin gComhaontú seo, de réir mar is gá le réasún, a sholáthar do na Páirtithe eile, faoi réir dhlíthe agus rialacháin na bPáirtithe faoi seach agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.
2. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar chun malartú faisnéise staidrimh eatarthu a éascú ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an aeriompair faoin gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 15

An tsábháilteacht eitlíochta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe tábhacht an dlúthchomhair i réimse na sábháilteachta eitlíochta. Sa chomhthéacs sin, comhaontaíonn na Páirtithe dul i mbun tuilleadh comhair i gcás inarb iomchuí, go háirithe i ndáil le malartú faisnéise sábháilteachta a éascú, le rannpháirtíocht fhéideartha i ngníomhaíochtaí maoirseachta a chéile nó le gníomhaíochtaí maoirseachta comhpháirteacha a dhéanamh, chomh maith le comhthionscadail agus tionscnaimh a fhorbairt, lena n-áirítear le tíortha nach páirtithe sa Chomhaontú seo iad.

2. Deimhnithe aeracmhainneachta, deimhnithe inniúlachta agus ceadúnais a d'eisigh Páirtí nó a chinn Páirtí a bheith bailí, agus atá i bhfeidhm fós, sainnithneoidh Páirtí eile agus a údaráis inniúla go bhfuil siad bailí chun chríche aersheirbhísí a oibriú faoin gComhaontú seo, ar choinníoll gur eisíodh na deimhnithe nó na ceadúnais sin, nó gur cinneadh iad a bheith bailí, de bhun, ar a laghad, na gcaighdeán idirnáisiúnta ábhartha a bhunaítear faoi Choinbhinsiún Chicago.

3. Féadfaidh gach Páirtí, tráth ar bith, comhairliúchán a iarraidh i dtaca leis na caighdeáin sábháilteachta atá ar bun agus atá á riaradh Páirtí eile i réimsí a bhaineann le saoráidí aerloingseoireachta, le criúnna aerárthaigh, le haerárthaí agus le hoibriú aerárthaí. Tionólfar na comhairliúcháin sin laistigh de thríocha (30) lá ón dáta a gheofar an t-iarraitas.

4. Más rud é, tar éis na gcomhairliúchán sin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, go gcinneann an Páirtí is iarrthóir nach ndéanann an Páirtí eile sin caighdeáin sábháilteachta a chothabháil agus a riaradh go héifeachtach sna réimsí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, caighdeáin atá ar a laghad comhionann leis na caighdeáin íosta a bunaíodh de bhun Choinbhinsiún Chicago, tabharfar fógra don Pháirtí eile sin faoi na cinntí sin agus faoi na bearta a mheastar a bheith riachtanach chun go mbeidh siad i gcomhréir leis na caighdeáin íosta sin. I gcás nach ndéanann an bPáirtí eile sin gníomh ceartaitheach iomchuí laistigh de chúig lá dhéag (15) ón dáta a gheofar an fógra nó laistigh de thréimhse ama chomhaontaithe, beidh sé sin ina fhoras don Pháirtí is iarrthóir dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo chun údaruithe oibríochta nó ceadanna teicniúla aeriompróra atá faoi mhaoirseacht sábháilteachta an Pháirtí eile sin a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí, nó coinníollacha a fhorchur maidir leo, nó teorannú a dhéanamh orthu, nó chun oibríochtaí aeriompróra atá faoi mhaoirseacht sábháilteachta an Pháirtí eile sin a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí, nó coinníollacha a fhorchur maidir leo, nó teorannú a dhéanamh orthu ar bhealach eile.

5. Aon aerárthach atá á hoibriú ag aeriompróir Páirtí, nó thar ceann an aeriompróir sin, agus le linn don aerárthach sin a bheith laistigh de chríoch Páirtí eile, d'fhéadfadh an t-aerárthach sin a bheith faoi réir cigireacht rampa arna dhéanamh ag údaráis inniúla an Pháirtí eile sin, chun bailíocht na ndoiciméad ábhartha atá ag an aerárthach agus ag a baill criú a fhíorú agus chun an riocht ina bhfuil an t-aerárthach agus a threalamh de réir a ndealraimh a sheiceáil, ar choinníoll nach mbeidh an t-imscrúdú sin ina chúis le moill mhírreasúnta a chur ar oibriú an aerárthaigh.

6. Tar éis do Pháirtí iniúchadh rampaí a dhéanamh, má chinneann sé nach gcomhlíonann aerárthach nó oibriú aerárthaigh na caighdeáin íosta a bunaíodh de bhun Choinbhinsiún Chicago nó go bhfuil easpa cothabhála agus riaracháin éifeachta

maidir le caighdeán sábháilteachta a bunaíodh de bhun Choinbhinsiún Chicago, nó má dhiúltaítear rochtain don Pháirtí chun iniúchadh rampaí a dhéanamh, tabharfaidh an Páirtí sin fógra d'údaráis inniúla an Pháirtí eile sin atá freagrach as maoirseacht sábháilteachta a dhéanamh ar an aeriompróir a oibríonn an t-aerárthach agus na bearta a mheastar is gá chun na caighdeáin íosta sin a chomhlíonadh. I gcas nach ndéanann an bPáirtí eile sin gníomh ceartaitheach iomchuí laistigh de chúig lá dhéag (15) ón dáta a gheofar an fógra nó laistigh de thréimhse ama chomhaontaithe, beidh sé sin ina fhoras don chéad Pháirtí chun údaruithe oibríochta nó ceadanna teicniúla aeriompróra a oibríonn an t-aerárthach a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí, nó coinníollacha a fhorchur maidir leo, nó teorannú a dhéanamh orthu, nó chun oibríochtaí aeriompróra a oibríonn an t-aerárthach a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí, nó coinníollacha a fhorchur maidir leo, nó teorannú a dhéanamh orthu ar bhealach eile.

7. Beidh sé de cheart ag gach Páirtí gníomhú láithreach, ar a n-áirítear an ceart gníomhú chun údaruithe oibríochta nó ceaduithe teicniúla aeriompróra de Pháirtí eile a chúlghairm, a chur ar fionraí, nó teorannú a dhéanamh orthu nó oibríochtaí aeriompróra Páirtí eile a chur ar fionraí nó teorannú a dhéanamh orthu ar bhealach eile, más rud é go gcinneadh sé go bhfuil sin riachtanach i bhfianaise bagairt láithreach ar an tsábháilteacht eitleochta. An Páirtí a chinneadh gníomhú amhlaidh, cuirfidh sé an Páirtí eile sin ar an eolas faoi agus léireoidh sé an fáth ar ghníomhaigh sé amhlaidh.

8. Aon ghníomh a dhéanfaidh Páirtí i gcomhréir le míreanna 4, 6 nó 7 den Airteagal seo, scorfar de a luaithe nach mbeidh an bonn a bhí lena dhéanamh ann a thuilleadh.

AIRTEAGAL 16

An tslándáil eitleochta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe na hoibleagáidí atá orthu dá chéile i dtaca le soláthar a dhéanamh le haghaidh shlándáil na heitleochta sibhialta in aghaidh bearta neamhdhleathacha cur isteach, agus athdhearbhaíonn siad go háirithe na hoibleagáidí atá orthu faoi Choinbhinsiún Chicago, faoin gCoinbhinsiún um Chionta agus Gníomhartha Áirithe Eile a dhéantar ar Bord Aerárthaí, a síníodh i dTóiceo an 14 Meán Fómhair 1963, faoin gCoinbhinsiún chun Cosc a chur le hUrghabháil Neamhdhleathach Aerárthaí, a síníodh sa Háig an 16 Nollaig 1970, faoin gCoinbhinsiún chun Cosc a chur le Gníomhartha Neamhdhleathacha in aghaidh Shábháilteacht na hEitleochta Sibhialta, a síníodh in Montréal an 23 Meán Fómhair 1971, faoin bPrótacal maidir le Cosc a chur le Gníomhartha Neamhdhleathacha Foréigin in Aerfoirt a fhónann don Eitleocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a síníodh in Montréal an 24 Feabhra 1988 agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Pléascáin Phlaisteacha a Mharcáil chun Críoch a mBraithe, a síníodh in Montréal an 1 Márta 1991, a mhéid atá na Páirtithe ina bpáirtithe de na coinbhinsiúin sin, agus faoi na coinbhinsiúin agus na prótacail eile uile a bhfuil na Páirtithe ina bpáirtithe díobh a bhaineann leis an tslándáil eitleochta sibhialta.

2. Cuirfidh na Páirtithe, ar fháil iarratais dóibh ina leith, gach cúnamh is gá ar fáil dá chéile chun aghaidh a thabhairt ar aon bhagairt ar shlándáil na heitlíochta sibhialta, ar a n-áirítear cosc a chur le bearta urghabhála neamhdhleathaigh aerárthaí sibhialta agus le bearta neamhdhleathacha eile in aghaidh shábháilteacht na n-aerárthaí sin, a gcuid paisinéirí agus a gcuid criúnna, in aghaidh aerfort agus saoráidí aerloingseoireachta, agus ina aghaidh aon bhagairt eile ar shlándáil na heitlíochta sibhialta.

3. Déanfaidh na Páirtithe, ina gcaidreamh frithpháirteach, na caighdeáin slándála eitlíochta a leagann ICAO síos a chomhlíonadh. Éileoidh siad, i dtaca le hoibreoírí na n-aerárthach atá cláraithe leo, le hoibreoírí aerárthaí a bhfuil a bpríomháit ghnó nó a bpríomháit chónaithe acu ina gcríoch, agus le hoibreoírí na n-aerfort ina gcríoch, go gcomhlíonann siad leis na forálacha sin um shlándáil eitlíochta.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar bearta éifeachtacha laistigh dá chríoch chun an eitlíocht sibhialta a chosaint ar bhearta neamhdhleathacha cur isteach, ar a n-áirítear scagadh slándála ar phaisinéirí agus ar a gcuid bagáiste cábáin, scagadh slándála ar bhagáiste boilg, scagadh slándála agus rialú slándála ar dhaoine nach paisinéirí (lena n-áirítear an criú) agus ar na hítimí a bheidh ar iompar leo, scagadh slándála agus rialú slándála ar lasta, ar phost, ar sholáthairtí 'san eitilt' agus ar sholáthairtí aerfoirt, agus rialú rochtana ar dhul isteach i limistéir thaobh an aeir agus i limistéir faoi shrianta slándála. Déanfar na bearta sin a choigeartú chun aghaidh a thabhairt ar aon mhéadú a thiocthaidh ar na bagairtí ar shlándáil na heitlíochta sibhialta. Toilíonn gach Páirtí leis go gcaithfear cloí leis na forálacha slándála a éileoidh Páirtí eile agus a bhaineann le ligean isteach aerárthaí ina chríoch, le hoibríocht aerárthaí laistigh dá chríoch nó lena n-imeacht as a chríoch.

5. Le lánmheas agus lánurraim do fhlaithreas a cheile, féadfaidh Páirtí bearta slándála a ghlacadh i ndáil leis an iontráil chun a chríche, maille le bearta éigeandála, chun dul i ngleic le bagairt slándála shonrach, bearta nach mór a chur in iúl don Pháirtí nó do na Páirtithe eile lena mbaineann gan aon mhoill. Dearcfaidh gach Páirtí le hintinn fhabhrach ar aon iarraidh a gheobhaidh sé ó Pháirtí eile i ndáil le bearta slándála speisialta réasúnta, agus cuirfidh an Pháirtí eile sin san áireamh na bearta a bheidh i bhfeidhm cheana ag an gcéad Pháirtí agus aon bharúil a thogródh an chéad Pháirtí a thabhairt. Ach amháin nuair nach féidir, de dheasca éigeandáil a bheith ann, a bheith ag súil go réasúnta go bhféadfadh sé déanamh mar a leanas, cuirfidh gach Páirtí an Páirtí nó na Páirtithe lena mbaineann ar an eolas roimh ré faoi aon bhearta slándála speisialta a bhfuil rún aige iad a chur ar bun, ar bearta iad a d'fhéadfadh tionchar mór airgeadais nó oibríochtúil a imirt ar na seirbhísí aeriompair dá bhforáiltear faoin gComhaontú seo. Féadfaidh aon Pháirtí a iarraidh go dtionólfar cruinniú den Chomhchoiste chun bearta slándála mar sin a phlé, mar a fhoráiltear dó sin in Airteagal 23.

6. Aithníonn gach Páirtí, mar sin féin, nach ndéanann aon ní dá bhfuil san Airteagal seo teorannú ar inniúlacht Páirtí eile chun cead iontrála chun a chríche a diúltú d'aon eitilt nó eitiltí a mheasann sé a bheith ag bagairt ar shlándáil a chríche.

7. Gan dochar don ghá gníomhaíocht a dhéanamh láithreach chun an tslándáil eitlíochta a chosaint, dearbhaíonn na Páirtithe, agus bearta slándála á mbreithniú aige, déanfaidh Páirtí meastóireacht ar éifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le haeriompar idirnáisiúnta agus, mura mbeidh sé faoi shrian dlí, go gcuirfidh sé na tosca sin san áireamh nuair a chinnfidh sé cad iad na bearta is gá agus is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní slándála.

8. Aon uair a dhéanfar aerárthach sibhialta a urghabháil go neamhdhleathach (nó aon uair a bheidh bagairt ann go ndéanfaí amhlaidh) nó aon uair a dhéanfar bearta neamhdhleathacha eile a bheidh dírithe in aghaidh sábháilteacht aerárthaí, paisinéirí, criúnna, aerfort nó saoráidí aerloingseoireachta, tabharfaidh na Páirtithe cúnamh dá chéile trí bhíthin éascú na cumarsáide agus trí bhearta iomchuí eile a mbeidh sé i gceist leo deireadh a chur go tapa agus go sábháilte leis an teagmhas nó leis an mbagairt.

9. Glacfaidh gach Páirtí bearta a mheasann sé a bheith indéanta go praiticiúil lena áirithiú go gcoimeádtar aerárthach atá ar an talamh ina chríoch atá faoi réir gníomh um urghabháil neamhdhleathach nó gníomhartha eile de chur isteach neamhdhleathach ar an talamh murar gá don aerárthach imeacht mar gheall ar dhualgas sáraitheach chun beatha daoine a chosaint. I gcás inarb indéanta é, déanfar na bearta sin ar bhonn idirchomhairliúcháin leis an bPáirtí nó leis na Páirtithe lena mbaineann.

10. I gcás ina mbeidh foras réasúnta ag Páirtí lena chreidiúint nach bhfuil forálacha an Airteagail seo á gcomhlíonadh ag Páirtí eile, féadfaidh an chéad Pháirtí a iarraidh go dtiocfadh an Páirtí eile sin i mbun comhairliúcháin leis láithreach. Tosófar na comhairliúcháin sin laistigh de thríocha (30) lá ón dáta a gheofar an t-iarratas sin. I gcás nach dtagtar ar chomhaontú sásúil laistigh de chúig lá dhéag (15) nó laistigh de thréimhse ama comhaontaithe, ó thús na gcomhairliúcháin sin, beidh sin ina fhoras ag an bPáirtí a d'iarr na comhairliúcháin chun gníomhú chun údaruithe oibríochta nó ceaduithe teicniúla aeriompróra an Pháirtí eile sin a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí, nó coinníollacha a fhorchur maidir leo, nó teorannú a dhéanamh orthu, chun a áirithiú go gcloífear le forálacha an Airteagail seo. Nuair is gá, i gcás éigeandála, nó chun neamhchomhlíonadh breise an Airteagail seo a chosc, féadfaidh an chéad Pháirtí beart eatramhach a dhéanamh chun údarú oibríochta nó ceadanna teicniúla aeriompróirí an Pháirtí eile sin a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí, nó coinníollacha a fhorchur maidir leo, nó teorannú a dhéanamh orthu chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha an Airteagail seo.

11. Maidir le haon ghníomh a dhéanfaidh an chéad Pháirtí dá dtagraítear i mír 10 den Airteagal seo, gníomh a dhéanfaidh sé i gcomhréir leis an mír sin, scoirfear den ghníomh sin a luaithe a bheidh an tAirteagal seo á chomhlíonadh ag an bPáirtí eile lena mbaineann.

AIRTEAGAL 17

Bainistíocht aerthrachta

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar maidir le hábhair a bhaineann le seirbhísí aerloingseoireachta, lena n-áirítear an mhaoirseacht sábháilteachta a dhéantar orthu. Comhaontaíonn siad aghaidh ar aon saincheist beartais faoin gcaoi a ndéanfar bainistiú ar an aerthracht, d'fhonn optamú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na n-eitiltí, costais a laghdú, an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú, agus sábháilteacht agus inniúlacht na sreafaí aerthrachta idir na córais bainistíochta atá ag na Páirtithe cheana a fheabhsú.
2. Comhaontaíonn na Páirtithe a n-údaráis inniúla agus a soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta a spreagadh chun comhoibriú le chéile i gcomhair idir-inoibritheacht a áirithiú idir córais bainistithe aerthrachta na bPáirtithe agus chun comhtháthú breise ar chórais na bPáirtithe a fhiosrú, chun tionchar na heitlíochta ar an gcomhshaol a laghdú, agus chun faisnéis a chomhroinnt i gcás inarb iomchuí.
3. Comhaontaíonn na Páirtithe comhar a spreagadh idir a soláthróirí seirbhíse aerloingseoireachta ar mhaithe le sonraí eitilte a mhalartú agus sreafaí tráchta a chomhordú chun éifeachtúlacht eitilte a optamú, rud a dhéanfar d'fhonn feabhas a chur ar an tuarhacht, an phoncúlacht agus an leanúnachas seirbhíse maidir le haerthracht .
4. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar i ndáil lena gclár nuachóirithe maidir le bainistiú aerthrachta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí forbartha agus imlonnaithe araon, agus tras-rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí bailíochtaíthe agus taisealbhaidh a spreagadh.

AIRTEAGAL 18

An comhshaol

1. Tugann na Páirtithe a dtacaíocht maidir leis an ngá an comhshaol a chosaint trí fhorbairt inbhuanaithe na heitlíochta a chur chun cinn. Tá sé de rún ag na Páirtithe oibriú as lámh a chéile chun na saincheistanna a aithint a bhaineann le tionchair na heitlíochta náisiúnta ar an gcomhshaol.
2. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé go n-oibreoidís le chéile agus leis an bpobal domhanda chun éifeachtaí na heitlíochta ar an gcomhshaol a mheas agus a íoslaghdú.
3. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chuige sin, comhaontaíonn siad go n-oibreoidh siad i gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (dá ngairtear 'GCT' anseo feasta) a bhaineann leis an eitlíocht, ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe faisnéis a mhalartú agus idirphlé rialta a bheith acu i measc saineolaithe chun an comhar a fheabhsú i gcomhair aghaidh a thabhairt ar thionchar na heitlíochta idirnáisiúnta ar an gcomhshaol, lena n-áirítear i réimsí amhail taighde agus forbairt, breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, ábhair a bhaineann le torann, agus maidir le bearta eile lena ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí GCT, agus a gcearta agus a n-oibleagáidí iltaobhacha comhshaoil á gcur san áireamh.

5. Aithníonn na páirtithe conarthacha an riachtanas atá ann bearta iomchuí a dhéanamh chun tionchar na heitlíochta ar an gcomhshaol a chosc nó chun aghaidh a thabhairt orthu ar shlí eile, ar choinníoll go mbeidh na bearta sin i lán-chomhréir leis na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu faoin dlí idirnáisiúnta.

AIRTEAGAL 19

Dlíteanas an aeriompróra

Na Páirtithe a dhaingnigh Coinbhinsiún Montréal, athdheimhníonn siad a n-oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Montréal. Gabhann na Páirtithe eile orthu féin Coinbhinsiún Montréal a dhaingniú a luaithe is féidir agus fógra a thabhairt don Chomhchoiste dá réir sin.

AIRTEAGAL 20

An tomhaltóir a chosaint

Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar chun leasanna na dtomhaltóirí san aeriompar a chosaint. Is é is cuspóir don chomhar sin ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach, ag cur san áireamh leas na ngeallsealbhóirí uile agus saintréithe éagsúla na bPáirtithe. Chun críoch an chuspóra sin, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile sa Chomhchoiste maidir le saincheistanna a bhaineann le leas an tomhaltóra, lena n-áirítear na bearta atá pleanáilte acu, d'fhonn breis comhoiriúnachta idir córais na bPáirtithe faoi seach a bhaint amach a mhéid is féidir.

AIRTEAGAL 21

Córais áirithinte ar ríomhaire

1. Beidh díoltóirí córas áirithinte ar ríomhairí ('CAR') a bheidh ag oibriú i gcríoch Páirtí i dteideal a gcuid CAR a thabhairt isteach, a choinneáil ar bun agus a chur ar fáil gan bhac do ghníomhaireachtaí nó comhlachtaí taistil arb é is é príomhghnó dóibh

é táirgí a bhaineann leis an taisteal a dháileadh i gcríoch Páirtí eile, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an CAR aon cheanglais rialála ábhartha den Pháirtí eile sin.

2. Cuirfidh na Páirtithe ar neamhní aon cheanglas atá ann cheana arbh fhéidir dó an rochtain gan bhac ag CAR Páirtí amháin ar mhargadh Páirtí eile a shrianadh nó a chuirfeadh srian ar an iomaíochas idir díoltóirí CAR. Ní ghlacfaidh na Páirtithe aon cheanglas den chineál sin sa todhchaí.

3. Ní fhorchuirfidh aon Pháirtí ná ní ligfidh sé a fhorchur, ina chríoch féin, ar dhíoltóirí CAR Páirtí eile ceanglais i ndáil le taispeántí CAR a bheidh éagsúil leis na ceanglais a fhorchuirfidh sé ar a chuid díoltóirí CAR féin nó ar aon CAR eile atá ag oibriú ar a mhargadh. Ní chuirfidh aon Pháirtí cosc le tabhairt i gcrích comhaontuithe idir díoltóirí CAR, a gcuid soláthróirí agus a gcuid suibscríobhaithe a ndéantar éascú leo ar thaispeántí maidir le faisnéis taistil atá cuimsitheach neamhchlaonta do thomhaltóirí, nó ar chomhlíonadh na gceanglas rialála maidir le taispeántí neodracha.

4. Úinéirí agus oibreoirí CAR Páirtí, faoi réir ceanglais rialála ábhartha Páirtí eile, beidh an deis chéanna acu CARanna a bheith faoina n-úinéireacht laistigh de chríoch an Pháirtí eile sin, nó CARanna a oibriú ann, agus a bheidh ag úinéirí agus oibreoirí aon CAR eile a bheidh ag oibriú i margadh an Pháirtí eile sin.

5. I gcás ina gcumhdaítear CRS le comhaontú saorthrádála (a thagann faoi mhír 1 d'Airteagal V.1 den Chomhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí), comhaontú atá sínithe nó atá á gcaibidil idir an tAontas agus Ballstát ASEAN, ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 4 den Airteagal seo maidir leis an Ballstát sin de ASEAN.

AIRTEAGAL 22

Gnéithe sóisialta

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé tionchar an Chomhaontaithe seo ar dhálaí saothair, fostaíochta agus oibre a chur san áireamh. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar ar ábhair saothair laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear i dtaca leis na tionchair ar an bhfostaíocht, ar chearta bunúsacha san áit oibre, ar dhálaí oibre, ar an gcosaint shóisialta agus ar an idirphlé sóisialta.

2. Aithníonn na Páirtithe ceart gach Páirtí an leibhéal is cuí leis féin a leagan síos i gcomhair na cosanta do chearta saothair ar leibhéal na críche baile, agus na dlíthe agus na beartais ábhartha atá aige a ghlacadh nó a mhodhnú, i gcomhsheasmhacht lena chuid oibleagáidí idirnáisiúnta sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhfuil sí ina comhpháirtí iontu. Áiritheoidh na Páirtithe nach ndéanfar aon chreimeadh ar na cearta ná ar na prionsabail atá ina ndlíthe agus ina rialacháin féin faoi seach, ach go ndéanfar iad a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

3. Leanfaidh gach Páirtí de bheith ag cur feabhas ar a dhlíthe agus ar a bheartais agus déanfaidh sé sáriarracht leibhéil arda cosanta a sholáthar agus a spreagadh do chearta saothair san earnáil eitlíochta. Aithníonn na Páirtithe nach féidir sárúithe ar phrionsabail bhunúsacha agus ar chearta san áit obair a agairt ná a úsáid ar bhealaí eile mar bhuntáiste comparáideach dlisteanach agus nár chóir caighdeáin saothair a úsáid chun críoch caomhnaitheachta.

4. Athdheimhníonn na Páirtithe a dtiomantas, i gcomhréir lena n-oibleagáidí a eascraíonn óna mballraíocht san Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (dá ngairtear 'EIS' anseo feasta) agus i nDearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair agus an Dearbh Leantach a glacadh sa Ghinéiv an 18 Meitheamh 1998, an Dearbhú sin a urramú, a chur chun cinn agus a bhaint amach.

5. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn na cuspóirí a áirítear i gClár Oibre um Obair Chuibhiúil EIS agus i nDearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir a glacadh sa Ghinéiv an 10 Meitheamh 2008.

6. Geallann gach Páirtí féachaint, chomh maith agus is féidir leis, le coinbhinsiúin bhunúsacha EIL a dhaingniú, is é sin mura bhfuil sin déanta go fóill aige. Féachfaidh na Páirtithe freisin maidir leis na coinbhinsiúin eile de chuid EIL agus na caighdeáin idirnáisiúnta chomhfhreagracha sa réimse saothair agus sóisialta atá ábhartha don earnáil eitlíochta sibhialta, an déanfaidh na Páirtithe iad a dhaingniú agus iad a chur chun feidhme, agus na himthosca sna críocha baile á gcur san áireamh.

7. Féadfaidh aon Pháirtí a iarraidh go dtionólfar cruinniú den Chomhchoiste chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna saothair agus faisnéis ábhartha a mhalartú a aithníonn sé go bhfuil tábhacht ag baint léi.

AIRTEAGAL 23

An Comhchoiste

1. Beidh Comhchoiste d'ionadaithe na bPáirtithe freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar riar an Chomhaontaithe seo agus as a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go ceart é.

2. Déanfaidh Comhchoiste na bPáirtithe a rialacha nós imeachta a shuí agus a ghlacadh.

3. Tiofadh an Comhchoiste le chéile de réir mar is gá agus uair amháin sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh aon Pháirtí a iarraidh tráth ar bith go dtionólfá cruinniú den Chomhchoiste. Cruinniú a iarrfar, tionólfar é ar an dáta is luaithe is féidir, agus tráth nach déanaí ná dhá (2) mhí ón dáta a gheobhfar an t-iarratas, mura mbeidh a mhalairt comhaontaithe ag na Páirtithe.

4. Chun críoch chur chun feidhme ceart an Chomhaontaithe seo, déanfaidh an Comhchoiste an méid seo a leanas:

- (a) faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear maidir le hathruithe ar dhlíthe, rialacháin agus beartais na bPáirtithe faoi seach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'aersheirbhísí, chomh maith le faisnéis staidrimh chun críocha faireachán a dhéanamh ar fhorbairt aersheirbhísí faoin gComhaontú seo;
- (b) moltaí agus cinntí a dhéanamh má tá foráil shonrach maidir leis sin sa Chomhaontú seo;
- (c) an comhar a fhorbairt, ar a n-áirítear an comhar maidir le hábhair rialála;
- (d) comhchomhairliúcháin a chur ar siúl maidir le haon cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léiriú an Chomhaontaithe seo;
- (e) comhairliúchán a chur ar siúl, i gcás inarb iomchuí, maidir le ceisteanna aeriompair a ndéileáiltear leo in eagraíochtaí idirnáisiúnta, sa chaidreamh le tríú tíortha agus i socrúithe iltaobhacha nó comhaontuithe iltaobhacha, lena n-áirítear an nglacfaidh siad cur chuige comhpháirteach nó nach nglacfaidh;
- (f) bhreith a dhéanamh ar réimsí féideartha le haghaidh fhorbairt bhreise an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear leasuithe leis an gComhaontú seo a mholadh; agus
- (g) cinneadh a dhéanamh maidir le haon leagan teanga barántúil nua den Chomhaontú seo i gcás aontachas Bhallstáit nua den Aontas Eorpach leis.

5. Glacfar moltaí agus cinntí de chomhthoil idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ballstáit uile ASEAN ag gníomhú le chéile, den pháirt eile. Beidh cinntí an Chomhchoiste ceangailteach ar na Páirtithe.

AIRTEAGAL 24

Cur chun feidhme

1. Ní dhéanfar aon ní dá bhfuil sa Chomhaontú seo a fhorléiriú mar ní a bhfuil sé i gceist leis cearta a bhronnadh nó oibleagáidí a fhorchur arbh fhéidir le náisiúnaigh Páirtí iad a éileamh os comhair chúirteanna nó bhinsí dlí aon Pháirtí.
2. Déanfaidh na Páirtithe gach beart is iomchuí, bídis ginearálta nó sonracha, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn ón gComhaontú seo.
3. Agus a gcearta faoin gComhaontú seo á bhfeidhmiú acu, déanfaidh na Páirtithe bearta is iomchuí agus is comhréireach maidir lena gcuspóirí faoi seach.
4. Staonfaidh na Páirtithe ó aon bhearta a bheadh ina gcontúirt do shroicheadh chuspóirí an Chomhaontaithe seo.
5. Beidh gach Páirtí freagrach, ina chríoch féin, as forfheidhmiú mar is ceart an Chomhaontaithe seo.
6. Déanfaidh gach Páirtí, faoi réir dhlíthe agus rialacháin is infheidhme na bPáirtithe faoi seach, gach faisnéis agus cúnamh is gá a thabhairt do Pháirtí eile, i gcás imscrúduithe maidir le sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann a dhéanfaidh an Páirtí eile sin de réir an Chomhaontaithe seo.
7. Ní chuirfidh an Comhaontú seo cosc ar chomhairliúchán ná ar phlé idir údarais inniúla na bPáirtithe lasmuigh den Chomhchoiste, lena n-áirítear comhairliúcháin nó plé i réimsí fhorbairt an aeriompair, na slándála, na sábháilteachta, an chomhshaoil, an beartais shóisialta, an bhainistithe aerthrachta, an bhonneagair eitlíochta, saincheisteanna iomaíochta agus na cosanta sóisialta. Cuirfidh na Páirtithe an Comhchoiste ar an eolas faoi thoradh na gcomhairliúchán agus an phlé sin a mhéid a bhainfidh leis an tionchar ar léirmhíniú nó ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
8. I gcás ina ndéantar tagairt sa Chomhaontú seo do chomhar idir na Páirtithe, féachfaidh siad le teacht ar chomhdhearcaidh gníomhú go comhpháirteach i gcomhair an Comhaontú seo a fhorbairt tuilleadh agus/nó chun a fheidhmiú sna réimsí lena mbaineann a fheabhsú, ar bhonn toilithe fhrithpháirtigh.

AIRTEAGAL 25

Réiteach díospóidí agus eadráin

1. Gan dochar d'Airteagail 5 agus 8, féadfaidh aon Pháirtí amháin nó roinnt Páirtithe aon díospóid a mbeidh baint aici le cur i bhfeidhm nó léiriú an Chomhaontaithe seo a tharchur chun an tsásra réitithe díospóidí dá bhforáiltear san Airteagal seo.

2. Gan dochar d'aon chomhairliúcháin a bheidh déanta roimhe idir na Páirtithe faoin gComhaontú seo, is é a dhéanfar i gcás inar mian le Páirtí dul ar iontaobh an tsásra réitithe díospóidí dá bhforáiltear san Airteagal seo, go dtabharfaidh an Páirtí sin fógra i scríbhinn don Pháirtí nó do na Páirtithe lena mbaineann faoina bhfuil sé beartaithe aige agus go n-iarrfaidh sé cruinniú den Chomhchoiste chun críche comhairliúcháin.

3. (a) Más rud é:

(i) nár phléigh an Comhchoiste an t-ábhar laistigh de dhá (2) mhí ón dáta a bhfuarthas an iarraidh dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo nó faoin dáta a chomhaontaigh na Páirtithe; nó

(ii) nach réiteofar an díospóid laistigh de shé (6) mhí ón iarraidh sin,

féadfar an díospóid a tharchur chuig duine nó comhlacht chun go ndéanfar cinneadh maidir léi trí chomhaontú idir na Páirtithe lena mbaineann.

(b) Más rud é nach féidir leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú frithpháirteach, an díospóid a tharchur chuig duine nó comhlacht chun go ndéanfar cinneadh maidir léi, déanfar an díospóid, ach aon cheann de na Páirtithe sin a iarraidh, a chur chun eadrána i gcomhréir leis an Airteagal seo.

4. D'ainneoin mhír 2 agus 3 den Airteagal seo, más rud é gur ghníomhaigh Páirtí chun údaruithe oibríochta nó ceaduithe teicniúla aeriompróra Páirtí eile a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí, nó coinníollacha a fhorchur maidir leo, nó teorannú a dhéanamh orthu, nó chun oibríochtaí aeriompróra an Pháirtí eile sin a dhiúltú, a chur ar fionraí, nó coinníollacha a fhorchur maidir leo, nó teorannú a dhéanamh orthu ar bhealach eile, féadfar an díospóid a tharchur láithreach chuig duine nó comhlacht chun go ndéanfar cinneadh maidir léi, nó féadfar í a chur chun eadrána. Déanfar na hamlínte faoi seach a luaitear i míreanna 10, 11 agus 12 den Airteagal seo a laghdú faoina leath.

5. Déanfaidh Páirtí amháin nó roinnt Páirtithe (dá ngairtear i dteannta a chéile 'an páirtí is tionscnóir' anseo feasta chun críocha an Airteagail seo) an iarraidh ar eadráin a dhéanamh i scríbhinn chuig an bPáirtí nó chuig na Páirtithe lena mbaineann (dá ngairtear i dteannta a chéile 'an páirtí is freagróir' anseo feasta chun críocha an Airteagail seo). San iarratas a dhéanfaidh an páirtí is tionscnóir, cuirfidh sé i láthair na hábhair atá le réiteach, tabharfaidh sé tuairisc ar an mbeart atá i gceist sa díospóid, agus míneoidh sé na cúiseanna is dóigh leis a bhfuil an beart sin ar neamhréir leis an gComhaontú seo.

6. Ach amháin má chomhaontaíonn an páirtí is tionscnóir agus an páirtí is freagróir a mhalairt, is binse de thriúr eadránaithe a dhéanfaidh an t-eadránú, agus cuirfead ar bun é mar seo a leanas:

- (a) Laistigh de fiche (20) lá ón dáta a gheofar an t-iarratas eadrána, ceapfaidh an páirtí is tionscnóir agus an páirtí is freagróir, gach páirtí as féin, aon eadránaí amháin. Laistigh de thríocha (30) lá ón uair a cheapfar an dá eadránaí sin, ceapfaidh an páirtí is tionscnóir agus an páirtí is freagróir an tríú headránaí, de chomhaontú le chéile, agus is é an tríú headránaí sin a bheidh ina Uachtarán ar an mbinse.
- (b) Mura gceapfaidh an páirtí is tionscnóir nó an páirtí is freagróir aon eadránaí, nó más rud é nach gceapfar an tríú headránaí i gcomhréir le mír 6(a) den Airteagal seo, féadfaidh ceachtar den dá pháirtí, an tionscnóir nó an freagróir, a iarraidh ar Uachtarán Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta an t-eadránaí nó na headránaithe a theastaíonn a cheapadh laistigh de thríocha (30) lá ón dáta a gheofar an iarraidh sin. Más náisiúnach de Bhallstát ASEAN nó de Bhallstáit den Aontas Eorpach é Uachtarán Chomhairle ICAO, is é an Leas-Uachtarán is sinsearaí ar an gComhairle sin nach náisiúnach de Bhallstát ASEAN ná náisiúnach de Bhallstáit den Aontas Eorpach a dhéanfaidh an ceapachán.

7. An dáta a ghlacfaidh an duine deireanach den triúr (3) eadránaithe lena cheapachán, is é sin dáta bunaithe an bhinse.

8. Reáchtálfar nós imeachtaí eadrána i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta a bhfuil an Comhchoiste lena nglacadh ag a chéad chruinniú, faoi réir fhorálacha an Airteagail seo agus i gcomhréir le mír 4(b) agus mír 5 d'Airteagal 23. Go dtí go mbeidh na rialacha nós imeachta glactha ag an gComhchoiste, leagfaidh an binse síos rialacha um nós imeachta dó féin.

9. Arna iarraidh sin ag an bpáirtí is tionscnóir nó ag an bpáirtí is freagróir, d'fhéadfadh sé, go dtí go ndéanfar rialú críochnaitheach air, go ndéanfaidh an binse ordú go nglacfar bearta eatramhacha faoisimh, lena n-áirítear modhnú nó fionraí a dhéanamh ar bhearta arna ndéanamh ag an bpáirtí is tionscnóir nó ag an bpáirtí is freagróir faoin gComhaontú seo.

10. Eiseoidh an bord eadrána tuarascáil eatramhach chun an pháirtí is tionscnóir agus an pháirtí is freagróir agus beidh leagtha amach sa tuarascáil sin na fionntaí i leith fíoras, infheidhmeacht na bhforálacha agus an réasúnaíocht bhunúsach a bhí le fionntaí agus moltaí na tuarascála, agus eiseoidh sé í sin tráth nach déanaí ná nócha (90) lá ó dháta a bhunaithe. I gcás ina measfaidh sé nach féidir an sprioc-am sin a chomhlíonadh, tabharfaidh Uachtarán an bhoird eadrána fógra i scríbhinn don pháirtí is tionscnóir agus don pháirtí is freagróir, ina luafaidh sé cúiseanna na moille agus an dáta a bhfuil sé pleanáilte ag an mbord eadrána a thuarascáil eatramhach a eisiúint. I gcás ar bith, ní fhágfaidh an bord eadrána an tuarascáil eatramhach gan eisiúint níos faide ná céad is fiche (120) lá ó dháta a bhunaithe.

11. Laistigh de cheithre lá dhéag (14) ó dháta eisiúna na tuarascála eatramhaí, féadfaidh an páirtí is tionscnóir nó an páirtí is freagróir iarraidh i scríbhinn a chur faoi bhráid an bhinse chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe sonracha den tuarascáil eatramhach. Déanfaidh an binse aon trácht a dhéanfaidh an páirtí is tionscnóir nó an páirtí is freagróir ar an tuarascáil eatramhach a mheas agus dá éis sin féadfaidh an binse a thuarascáil a leasú agus, más iomchuí leis, iniúchadh breise a dhéanamh. I dteannta na bhfionntaí a dhéanfar i rialú deiridh an binse, beidh plé leordhóthanach ar na hargóintí a rinneadh tráth an athbhreithnithe eatramhaigh, agus tabharfar freagra soiléir ar cheisteanna agus ar bharúlacha an pháirtí is tionscnóir agus an pháirtí is freagróir.

12. Eiseoidh an binse a rialú deiridh chun an pháirtí is tionscnóir agus an pháirtí is freagróir laistigh de chéad is fiche (120) lá ó dháta a bhunaithe. I gcás ina measfaidh sé nárbh fhéidir an sprioc-am sin a bhaint amach, tabharfaidh Uachtarán an bhinse fógra i scríbhinn don pháirtí is tionscnóir agus don pháirtí is freagróir, ina luafaidh sé cúiseanna na moille agus an dáta a bhfuil sé pleanáilte ag an mbinse a rialú a eisiúint. I gcás ar bith, ní fhágfaidh an binse a rialú gan eisiúint níos faide ná céad is caoga (150) lá ó dháta a bhunaithe.

13. Sa bhreis ar na himthosca dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, déanfar na hamlínte faoi seach a luaitear i míreanna 10, 11 agus 12 den Airteagal seo a laghdú faoina leath:

- (a) arna iarraidh sin don pháirtí is tionscnóir nó don pháirtí is freagróir, má rialaíonn an binse go bhfuil práinn leis an gcás laistigh de dheich (10) lá óna bhunú; nó
- (b) má chomhaontaíonn an páirtí is tionscnóir agus an páirtí is freagróir amhlaidh.

14. Laistigh de thréimhse deich (10) lá ó dháta eisiúna rialú deiridh an bhinse, féadfaidh an páirtí is tionscnóir agus an páirtí is freagróir iarataí a chur isteach ag lorg soiléiriú ar an rialú sin, agus eiseofar aon soiléiriú a thabharfaidh an binse laistigh de chúig lá dhéag (15) ón dáta a gheofar na hiarrataí sin.

15. Má chinneann an binse gur sáraíodh an Comhaontú seo agus mura gcomhlíona an páirtí a sháraigh an Comhaontú seo rialú deiridh an bhinse, nó mura dtaga sé ar chomhaontú leis an bpáirtí eile maidir le réiteach atá chun sástacht an dá pháirtí laistigh de sheasca (40) lá ó eisiúint rialú deiridh an bhinse, féadfaidh an páirtí eile feidhmiú na dtairbhí inchomparáide a leanann as an gComhaontú seo a chur ar fionraí go dtí go gcomhlíonfaidh an páirtí a sháraigh an Comhaontú rialú deiridh an bhinse nó go dtí go dtiocfaidh an páirtí is tionscnóir agus an páirtí is freagróir ar chomhaontú maidir le réiteach atá chun sástacht a chéile.

AIRTEAGAL 26

An gaol le comhaontuithe eile

1. Faoi réir mhíreanna 2 agus 7 den Airteagal seo, déanfar aon chomhaontú nó socrú aersheirbhísí atá déanta roimhe idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus Ballstát ASEAN nó idir an tAontas agus Ballstát ASEAN a chur ar fionraí fad a bheidh an Comhaontú seo i bhfeidhm idir na Páirtithe sin.
2. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal seo, forálacha de chomhaontú nó de shocrú aersheirbhíse atá déanta roimhe idir Ballstát den Aontas Eorpach agus Ballstát ASEAN a bhaineann leis na saincheisteanna a chumhdaítear le hAirteagail 3, 4, 10 agus 13, leanfaidh siad de bheith infheidhme mar ábhar de chuid an Chomhaontaithe seo i gcás ina mbeidh siad níos fabhraí do na haeriompróirí lena mbaineann. Maidir leis na cearta agus na tairbhí uile atá ag aeriompróirí an Bhallstáit den Aontas Eorpach i gceist i gcomhréir leis na forálacha sin, titfidh siad chuig aeriompróirí uile an Aontais.
3. Chun críocha mhír 2 den Airteagal seo, déanfar aon difríocht sa léirmhíniú a réiteach ar dtús trí chomhairliúchán idir na Páirtithe lena mbaineann, sula dtabharfar os comhair an Chomhchoiste í le haghaidh comhairliúcháin. Mura réiteofar an tsaincheist tríd an gComhchoiste, féadfar í a tharchur chuig an sásra um réiteach díospóide dá bhforáiltear in Airteagal 25.
4. Aon cheart tráchta breise ab fhéidir a bhronnfadh Ballstát ASEAN ar Bhallstát den Aontas Eorpach, nó *vice versa*, tar éis dháta theacht i bhfeidhm don Chomhaontú seo, beidh sé faoi réir an Chomhaontaithe seo agus ní dhéanfar leis aon idirdhealú idir aeriompróirí de chuid an Aontais. Tabharfar fógra faoi na socrúithe sin don Chomhchoiste gan aon mhoill.
5. Tarraingeoidh an Comhchoiste suas agus coinneoidh sé cothrom le dáta liosta faisnéiseach de na forálacha agus na socrúithe maidir le cearta tráchta dá dtagraítear i míreanna 2 agus 4 den Airteagal seo.
6. Má thagann na Páirtithe chun bheith ina bpáirtithe i gcomhaontú déthaobhach nó má fhorhuiníonn siad cinneadh a ghlacfaidh ICAO nó eagraíocht idirnáisiúnta eile, comhaontú a thugann aghaidh ar chúrsaí a chumhdaítear sa Chomhaontú seo, rachaidh siad i gcomhairle leis an gComhchoiste de bhun Airteagal 23 lena chinneadh cibé ar cheart nó nár cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhaontú seo chun forbairtí den sórt sin a chur san áireamh.
7. Ní dhéanfaidh aon ní dá bhfuil sa Chomhaontú seo aon difear do bhailíocht agus infheidhmeacht na gcomhaontuithe atá ann cheana nó a dhéanfar amach anseo idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus Ballstáit ASEAN a mhéid a bhaineann le críocha atá faoina bhflaitheas féin nach gcuimsítear sa sainmhíniú ar 'críoch' in Airteagal 2.

AIRTEAGAL 27

larscríbhinn

Is cuid dhílis den Chomhaontú seo í an larscríbhinn a ghabhann leis. Is i gcomhréir le hAirteagal 28 a dhéanfar aon leasú ar an larscríbhinn.

AIRTEAGAL 28

Leasuithe

Féadfaidh na páirtithe aon leasú ar an gComhaontú seo a chomhaontú tar éis comhairliúcháin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 23. Is i gcomhréir leis na téarmaí a leagtar amach in Airteagal 33 a thiocfaidh na leasuithe sin i bhfeidhm .

AIRTEAGAL 29

Foirceannadh

1. Féadfaidh an tAontas agus a Bhallstáit, nó gach ceann de Bhallstáit ASEAN ag gníomhú le chéile, an Comhaontú seo a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Aontas Eorpach nó d'Ard-Rúnaí ASEAN, de réir mar a bheidh. Tiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm ocht mí dhéag (18) tar éis d'Ard-Rúnaí ASEAN nó don Aontas Eorpach an fógra a fháil, de réir mar a bheidh.

2. I gcás ina dtarraingíonn Ballstát siar ón Aontas nó ó ASEAN, scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Stát sin de bhun Airteagal 32 le héifeacht ón dáta a thiocfaidh a tharraingt siar ón Aontas nó ó ASEAN, de réir mar a bheidh, i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 30

Clárú an Chomhaontaithe seo

Ar theacht i bhfeidhm don Chomhaontú seo agus d'aon leasú a dhéanfar air, déanfaidh Ard-Rúnaí ASEAN iad a chlárú le ICAO.

AIRTEAGAL 31

Aontachas Ballstát nua den Aontas Eorpach

1. Beidh an Comhaontú seo ar oscailt d'aontachas Stát a éireoidh ina mBallstáit den Aontas Eorpach tar éis dháta sínithe an Chomhaontuithe seo.
2. Déanfaidh Ballstát den Aontas Eorpach aontachas leis an gComhaontú seo trí ionstraim aontachais a thaisceadh leis an gComhaontú seo leis an Aontas Eorpach, a thabharfaidh fógra do na Páirtithe agus d'Ard-Rúnaí ASEAN go ndearnadh an ionstraim aontachais a thaisceadh agus an dáta a taisceadh sin. Tiocfaidh an t-aontachas i bhfeidhm ón gcúigiú (15^ú) lá déag tar éis an dáta a thaiscfear an ionstraim aontachais.
3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag míreanna 1, 2, 3 agus 7 d'Airteagal 26 maidir leis na comhaontuithe agus na socruithe a bheidh i bhfeidhm cheana an tráth a rachaidh Ballstát den Aontas Eorpach in aontachas leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 32

Cur i bhfeidhm críochach

Beidh feidhm ag an gComhaontú seo, ar thaobh amháin, maidir le críoch an Aontais agus, ar an taobh eile, maidir le críoch Bhallstáit ASEAN, mar a shainmhínítear i mír 1(z) d'Airteagal 2.

AIRTEAGAL 33

Teacht i bhfeidhm

1. Beidh an Comhaontú seo faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhortheasta i gcomhréir le nósanna imeachta na bPáirtithe faoi seach.
2. Cuirfidh Ard-Rúnaí ASEAN fógra i scríbhinn ar fáil don Aontas Eorpach lena ndeimhneofar go bhfuil na nósanna imeachta faoi seach le haghaidh daingniúcháin, glactha nó formheasta ag Ballstáit ASEAN tugtha chun críche. Cuirfidh an tAontas Eorpach fógra i scríbhinn ar fáil d'Ard-Rúnaí ASEAN lena ndeimhneofar go bhfuil na nósanna imeachta faoi seach le haghaidh daingniúcháin, glactha nó formheasta ag an Aontas agus a Bhallstáit tugtha chun críche.
3. Faoi réir Airteagal N, tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm tríocha (30) lá tar éis an dáta a gheofar an fógra i scríbhinn is déanaí dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo.

AIRTEAGAL 34
Téacsanna barántúla

1. Dréachtófar an Comhaontú seo in dhá théacs bhunaidh, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris agus comhúdarás ag gach téacs.

2. I gcás ina mbeidh aon dibhéirseacht idir leaganacha teanga, is é an Comhchoiste a chinnefidh teanga an téacs a úsáidfear.

3. Déanfar ceann amháin de théacsanna bunaidh an Chomhaontaithe, lena n-áirítear aon leasú air, a thaisceadh le hArd-Rúnaí ASEAN agus tabharfaidh seisean cóip dheimhnithe de go pras do gach Ballstát ASEAN. Déanfar téacs bunaidh eile an Chomhaontaithe, lena n-áirítear aon leasú air, a thaisceadh leis an Aontas Eorpach.

Á FHIANÚ SIN, tá an té a bhfuil a shíniú thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, tar éis an Comhaontú seo a shíniú, i ndúblach, arna dhéanamh in [...] an [...] [...] [...].

Thar ceann Ríocht na Beilge:

Thar ceann Phoblacht na Bulgáire:

Thar ceann Phoblacht na Seice:

Thar ceann Ríocht na Danmhairge:

Thar ceann Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine:

Thar ceann Phoblacht na hEastóine:

Maidir le hÉirinn:

Thar ceann na Poblachta Heilléanaí:

Thar ceann Ríocht na Spáinne:

Thar ceann Phoblacht na Fraince:

Thar ceann Phoblacht na Cróite:

Thar ceann Phoblacht na hIodáile:

Thar ceann Phoblacht na Cipire:

Thar ceann Phoblacht na Laitvia:

Thar ceann Phoblacht na Liotuáine:

Thar ceann Ard-Diúcacht Lucsamburg:

Thar ceann na hUngáire:

Thar ceann Poblacht Mháita:

Thar ceann Ríocht na hÍsiltíre:

Thar ceann Phoblacht na hOstaire:

Thar ceann Phoblacht na Polainne:

Thar ceann Phoblacht na Portaingéile:

Thar ceann na Rómáine:

Thar ceann Phoblacht na Slóivéine:

Thar ceann Phoblacht na Slóvaice:

Thar ceann Phoblacht na Fionlainne:

Thar ceann Ríocht na Sualainne:

Thar ceann an Aontais Eorpaigh:

Thar ceann Rialtas Brúiné Darasalám:

Thar ceann Rialtas Ríocht na Cambóide:

Thar ceann Rialtas Poblacht na hIndinése:

Thar ceann Rialtas Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach Laos:

Thar ceann Rialtas na Malaeisia:

Thar ceann Rialtas Poblacht Aontas Mhaenmar:

Thar ceann Rialtas Poblacht na nOileán Filipíneach:

Thar ceann Rialtas Poblacht Shingeapór:

Thar ceann Rialtas Ríocht na Téalainne:

Thar ceann Rialtas Poblacht Shóisialach Vítneam:

AIRTEAGAL A Sceideal bealaí

1. D'ainneoin mhíreanna 1 agus 2 d'Airteagal 3 agus faoi réir dhlíthe agus rialacháin náisiúnta na hIndinéise, maidir le hoibriú seirbhísí paisinéirí agus comhsheirbhísí aeir idir an Indinéis agus an tAontas, déanfaidh pointí san Indinéis tagairt do Denpasar, Iacárta, Makassar, Medan, agus Surabaya.

2. Más rud é, maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) comhaontú maidir le haersheirbhísí i measc Bhallstáit ASEAN; nó
- (b) comhaontú maidir le haersheirbhísí idir Ballstáit ASEAN le chéile agus aon tír eile,

go ligeann sin d'aeriompróirí seirbhísí paisinéirí agus comhsheirbhísí aer a oibriú chuig pointí san Indinéis seachas Denpasar, Iacárta, Makassar, Medan, agus Surabaya, beidh pointí san Indinéis san áireamh freisin ar na pointí sin.

3. Chun críocha mhír 12 d'Airteagal 10, i gcás na hIndinéise, feidhmeofar na cearta roinnte cód náisiúnta trí na pointí a shaináithnítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo chuig aon phointe eile san Indinéis, nó vice versa.

AIRTEAGAL B Cearta tráchta

D'ainneoin mhír 2 d'Airteagal 3, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) Deonú na gceart iompair cúigiú saoirse faoi mhír 3(f) d'Airteagal 3 d'aeriompróir de chuid an Aontais chun seirbhísí paisinéirí agus comhsheirbhísí a dhéanamh idir pointí i Maenmar agus pointí laistigh de ASEAN, tiocfaidh sé i bhfeidhm ón 1 Iúil 2024 ar aghaidh.
- (b) Deonú na gceart iompair cúigiú saoirse faoi mhír 3(e) d'Airteagal 3 d'aeriompróir de chuid Mhaenmar chun seirbhísí paisinéirí agus comhsheirbhísí a dhéanamh idir pointí san Aontas, tiocfaidh sé i bhfeidhm ón 1 Iúil 2024 ar aghaidh.
- (c) Deonú na gceart iompair cúigiú saoirse faoi mhír 3(f) d'Airteagal 3 d'aeriompróir de chuid an Aontais chun seirbhísí paisinéirí agus comhsheirbhísí a dhéanamh idir pointí san Aontas agus pointí i Vítneam chuig pointí lasmuigh de ASEAN, ní bheidh feidhm aige sin ach ar aerbhealaí nach n-oibríonn aeriompróir de chuid Vítneam.
- (d) Deonú na gceart iompair cúigiú saoirse faoi mhír 3(e) d'Airteagal 3 d'aeriompróir de chuid an Vítneam chun seirbhísí paisinéirí agus comhsheirbhísí a dhéanamh idir pointí i Vítneam agus pointí san Aontas chuig pointí lasmuigh den Aontas, ní bheidh feidhm aige sin ach ar aerbhealaí nach n-oibríonn aeriompróir de chuid an Aontais.

AIRTEAGAL C Cearta maidir le briseadh turais

1. D'ainneoin mhír 6(f) d'Airteagal 3, feidhmiú a gceart maidir le briseadh turais féin ag aeriompróirí an Aontais ar oibríochtaí comhchríochfoirt laistigh den Bhallstát céanna de ASEAN, beidh éifeacht aige sin 2 bhliain tar éis na cearta sin a mhalartú i gcomhaontú maidir le haersheirbhísí idir Ballstáit ASEAN. Feidhmiú na gceart maidir le hoibríochtaí comhchríochfoirt laistigh den Bhallstát céanna den Aontas ag aeriompróirí Bhallstáit ASEAN, tiocfaidh sin i bhfeidhm an tráth céanna.

2. Go dtí sin, déanfaidh gach Páirtí breithniú fabhrach ar iarratais ó aeriompróirí Páirtí eile a thrácht briste turais féin a iompar ar oibríochtaí comhchríochoirt laistigh den Bhallstát céanna de ASEAN nó de Bhallstát den Aontas ar bhonn déthaobhach breise, mura bhfuil na cearta sin ar fáil cheana féin.

AIRTEAGAL D **Ainmiú na n-aeriompróirí**

1. D'ainneoin mhír 1 d'Airteagal 4, féadfaidh an Indinéis, Maenmar, na hOileáin Philipíneacha agus Vítneam an ceanglas a choimeád maidir le hainmniú aeriompróirí, ar aeriompróirí iad arb ann dóibh ina ndlíthe agus rialacháin náisiúnta féin tráth shíniú an Chomhaontaithe seo.

2. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, foilsíú 'Liosta d'aeriompróirí de chuid an Aontais a bhfuil ceadúnas oibríochta gníomhach acu' ag an Aontas, measfar go gcomhlíonann liosta sin na ceanglais ainmniúcháin náisiúnta sin le haghaidh na n-aeriompróirí atá san áireamh ar an liosta sin, ar choinníoll go gcuirtear an liosta sin ar fáil go héasca d'údaráis inniúla na mBallstát sin de ASEAN sin trí mheán leictreonach.

3. Féachfaidh an Indinéis, Maenmar, na hOileáin Philipíneacha agus Vítneam leis na ceanglais ainmniúcháin sin a bhaint a luaithe is féidir agus le fógra a thabhairt don Chomhchoiste dá réir sin.

AIRTEAGAL E **Iomaíocht chothrom**

1. Chun amhras a sheachaint, deimhníonn na Páirtithe nach bhforordaíonn mír 2(a) agus (b) d'Airteagal 8 ach oibleagáid na bPáirtithe dlí iomaíochta a ghlacadh nó a choimeád agus údarás iomaíochta neamhspleách a bhunú chun an dlí iomaíochta seo a fhorfheidhmiú. Deimhníonn na Páirtithe freisin nach gcuireann an Comhaontú seo srian le feidhmiú neamhspleách na n-údarás iomaíochta thuasluaite. Níl na cinntí a dhéanann na húdaráis iomaíochta sin faoi réir an tsásra um réiteach díospóidí faoi Airteagal 25.

2. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh Páirtí sásamh a lorg i ndáil le mír 2(a) agus (b) d'Airteagal 8 ach amháin mura gcoimeádann Páirtí eile dlí iomaíochta ná údarás iomaíochta atá neamhspleách go hoibríochtuil, rud a fhorfheidhmíonn dlí iomaíochta an Pháirtí sin go héifeachtach. Ní fhorléireofar aon ní i mír 2(a) agus (b) d'Airteagal 8 chun cur i gcoinne cinntí nó breithiúnas arna nglacadh ag údarás iomaíochta, cúirteanna nó binsí Páirtí chun dlí iomaíochta Páirtí a fhorfheidhmiú.

3. D'ainneoin mhír 1 d'Airteagal 25, ní bheidh feidhm ag an tsásra um réiteach díospóidí san Airteagal sin maidir le díospóidí a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú Airteagal 8 a thagann roimh an 1 Eanáir 2025.

AIRTEAGAL F **Pleananna, cláir agus sceidil oibríochta**

1. Gan dochar d'Airteagal 3 agus do mhíreanna 11 agus 12 d'Airteagal 10, agus d'ainneoin mhír 7 d'Airteagal 10, féadfaidh an Chambóid, an Indinéis, Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos, an Mhalaeisia, Maenmar, na hOileáin Philipíneacha, an Téalainn agus Vítneam na nósanna imeachta atá ann ina ndlíthe agus rialacháin náisiúnta faoi seach a choimeád, tráth shíniú an Chomhaontaithe seo, a mhéid a bhaineann le pleananna oibríochtúla, cláir agus sceidil a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear faisnéis faoi sheirbhísí a oibríonn faoi shocruithe margaíochta comhoibritheacha, arna mbunú ag aeriompróirí an Aontais chun na seirbhísí sin a sholáthar i dtreo chríocha na Stát sin nó ó na críocha sin.

2. Déanfaidh an Chambóid, an Indinéis, Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos, an Mhalaeisia, Maenmar, na hOileáin Philipíneacha, an Téalainn, agus Vítneam an t-ualach riaracháin a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta den sórt sin a ioslaghdu. Deonófar formheas na bpleananna, na gclár agus na sceideal oibríochta sin laistigh de 10 lá oibre ón dáta a bhfaighfear iarratas an aeriompróra, ar choinníoll go mbeidh na húdaruithe oibríochta agus na ceadanna teicniúla iomchuí faighte ag an aeriompróir i gcomhréir le hAirteagal 4.

3. Féachfaidh an Chambóid, an Indinéis, Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos, Maenmar, an Mhalaeisia, na hOileáin Philipíneacha, an Téalainn agus Vítneam leis na nósanna imeachta sin a bhaint a luaithe is féidir agus le fógra a thabhairt don Chomhchoiste dá réir sin.

AIRTEAGAL G **Díola agus costais áitiúla**

1. D'ainneoin mhíreanna 8 agus 9 d'Airteagal 10, féadfaidh an Indinéis, Maenmar agus Vítneam na ceanglais atá ann ina ndlíthe agus rialacháin náisiúnta féin a choimeád, tráth shíniú an Chomhaontaithe seo, a mhéid a bhaineann le húsáid a n-airgeadra náisiúnta i ndíolacháin intíre iompair agus i seirbhísí gaolmhara agus san íocaíocht as costais áitiúla.

2. Féachfaidh an Indinéis, Maenmar agus Vítneam leis na ceanglais sin a bhaint a luaithe is féidir agus le fógra a thabhairt don Chomhchoiste dá réir sin.

AIRTEAGAL H **Ioncaim áitiúla a tharchur**

1. Chun amhras a sheachaint, tagraíonn an téarma 'tarchur' i mír 10(a) d'Airteagal 10, i gcás na nOileán Filipíneach, do tharchur seachas na cinn sin a dhéanann oifig brainse de chuid corparáid eachtrach atá ag gabháil do thrádáil nó gnó laistigh de na hOileáin Philipíneacha.

2. Maidir le tarchur brabúis ó oifig brainse de chuid corparáide eachtrach atá ag gabháil do thrádáil nó gnó laistigh de na hOileáin Philipíneacha, beidh an ceart ag na hOileáin Philipíneacha cáin tarchuir brabúis brainse a thobhach i gcomhréir lena dlíthe náisiúnta, mura rud é go bhfuil ráta níos ísle nó díolúine ar fáil faoi chomhaontú maidir le cánachas dúbailte idir na hOileáin Philipíneacha agus tír chónaithe an aeriompróra eachtraigh.

3. Féachfaidh na hOileáin Philipíneacha le bheith ag obair leis an Aontas chun creat coiteann a fhorbairt maidir leis an gcaoi a gcaithfear le tarchur aeriompróirí an Aontais atá ag oibriú sna hOileáin Philipíneacha, agus féachfaidh siad le fógra a thabhairt don Chomhchoiste dá réir sin.

AIRTEAGAL I **Taraifí**

1. Gan dochar do mhír 1 d'Airteagal 13, agus d'ainneoin mhír 2 d'Airteagal 13, féadfaidh na hOileáin Philipíneacha na nósanna imeachta atá ann i ndlíthe agus rialacháin náisiúnta an Aontais a choimeád tráth shíniú an Chomhaontaithe seo a mhéid a bhaineann le formheas na dtaraifí arna mbunú ag aeriompróirí an Aontais le haghaidh aersheirbhísí i dtreo chríoch na nOileán Filipíneach agus ón gcríoch sin. Formheasfar na taraifí sin laistigh de 10 lá oibre tar éis a gcomhdaithe.

2. Féachfaidh na hOileáin Philipíneacha leis na nósanna imeachta áirithe a bhaint a luaithe is féidir agus le fógra a thabhairt don Chomhchoiste dá réir sin.

AIRTEAGAL J **Ráthaíochtaí iasachta**

Ní bheidh feidhm ag forálacha mhír 2(d) d'Airteagal 8 maidir le fóirdheontais i bhfoirm ráthaíochtaí iasachta arna ndeonú ag Vítneam roimh shíniú an Chomhaontaithe seo agus go dtí go rachaidh na comhshocraíochtaí sin in éag. Mar sin féin, más rud é go n-eascróidh aon eisíocaíochtaí as ráthaíochtaí den sórt sin, déanfar iad de bhun mhír 3(a) agus (b) d'Airteagal 8, de réir mar a bheidh.

AIRTEAGAL K **Neamh-idirdhealú**

1. D'ainneoin Airteagal D, tabharfaidh Ballstáit ASEAN dá dtagraítear ann cóir nach lú fabhar d'aeriompróirí an Aontais ná an chóir a thugann siad d'aeriompróirí aon tíre eile maidir le hainmniú aeriompróirí .

2. D'ainneoin Airteagail F, G agus I, tabharfaidh Ballstáit ASEAN a liostaítear iontu aon chóir nach lú fabhar d'aeriompróirí an Aontais ná an chóir a thugann siad dá n-aeriompróirí féin nó d'aeriompróirí aon tíre eile, cibé acu is fabhraí, maidir le pleananna oibríochta, cláir agus sceidil, díolacháin agus costais áitiúla, agus taraifí a fhortheas.

AIRTEAGAL L **Córais áirithinte ar ríomhaire**

Tráth shíniú an Chomhaontaithe seo, is iad Ballstáit ASEAN dá dtagraítear i mír 5 d'Airteagal 21 an Indinéis, an Mhalaeisia, na hOileáin Philipíneacha, an Téalainn, agus Vítneam.

AIRTEAGAL M **Cómhalartacht**

Más rud é, faoi Airteagail D, F, G agus I, go n-éilíonn Ballstát de ASEAN ainmniú aeriompróirí an Aontais, go gcuireann sé nósanna imeachta náisiúnta i bhfeidhm maidir le haeriompróirí an Aontais chun formheas a fháil roimh ré le haghaidh pleananna oibríochta, clár agus sceideal, comhshocruithe margaidh nó taraifí, nó go gcuireann sé i bhfeidhm ceanglais náisiúnta a bhaineann leis an airgeadra a bheidh le húsáid in idirbhearta áirithe maidir le haeriompróirí an Aontais, beidh an tAontas i dteideal aeriompróirí an Bhallstáit sin de ASEAN a chur faoi réir na mbearta céanna nó bearta coibhéiseacha.

AIRTEAGAL N **Teacht i bhfeidhm maidir leis an Malaeisia**

1. D'ainneoin Airteagal 33, más í an Mhalaeisia an t-aon Bhallstát amháin de ASEAN nár chuir a dheimhniú in iúl d'Ard-Rúnaí ASEAN nár tugadh chun críche a nósanna imeachta maidir le daingniú, glacadh nó formheas an Chomhaontaithe seo;

- (a) féadfaidh Ard-Rúnaí ASEAN dul ar aghaidh chun fógra i scríbhinn a sholáthar don Aontas Eorpach lena ndeimhnítear go bhfuil a nósanna imeachta maidir le daingniú, glacadh nó formheas an Chomhaontaithe seo faoi seach curtha chun críche ag gach ceann de Bhallstáit ASEAN seachas an Mhalaeisia;
- (b) tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 33 i gcás an Aontais agus a Bhallstát, agus i gcás Bhallstáit uile ASEAN seachas an Mhalaeisia; agus
- (c) ina dhiaidh sin, tiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm maidir leis an Malaeisia 30 lá tar éis dáta fógra eile i scríbhinn ó Ard-Rúnaí ASEAN chuig an Aontas Eorpach ina ndeimhneofar go bhfuil a nósanna imeachta maidir le daingniú, glacadh nó formheas an Chomhaontaithe seo curtha chun críche ag an Malaeisia.

2. Tar éis an Comhaontú seo a shíniú, agus go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm maidir leis an Malaeisia:

- (a) aon chomhaontú nó socrú maidir le haersheirbhísí níos luaithe idir Ballstáit an Aontais agus an Mhalaeisia, agus idir an tAontas agus an Mhalaeisia, a síníodh nó a tugadh i

gcrích roimh an gComhaontú a shíniú, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu agus ní leasófar iad; agus

- (b) ní thabharfar aon chomhaontú nó socrú nua maidir le haersheirbhísí i gcrích idir Ballstáit an Aontais agus an Mhalaeisia, ná idir an tAontas agus an Mhalaeisia, ach amháin chun freastal ar riachtanais theoranta phráinneacha in imthosca eisceachtúla agus gan dochar dá ndlíthe agus rialacháin náisiúnta faoi seach. Cuirfidh an tAontas nó an Ballstát den Aontas lena mbaineann na Páirtithe eile ar an eolas faoi aon chomhaontú nó socrú nua den sórt sin maidir le haersheirbhísí.

AIRTEAGAL O **Athbhreithniú ar dhul chun cinn**

Déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na nAirteagal den larscríbhinn seo ar bhonn tuarascáil ó na Ballstáit de ASEAN lena mbaineann.

IARSCRÍBHINN 2

TAIFEAD NA RÁITEAS A RINNEADH TRÁTH SHÍNIÚ CHOMHAONTÚ CUIMSITHEACH AERIOMPAIR ASEAN-AE

An 2 Meitheamh 2021, tá caibidlíocht tugtha i gcrích ag toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh (AE) agus a Bhallstáit agus Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) maidir leis an gComhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Rialtais Bhallstáit ASEAN agus an tAontas Eorpach idir Rialtas Bhallstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas agus an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát (dá ngairtear ‘an Comhaontú’ anseo feasta). Tráth shíniú an Comhaontaithe, rinneadh na ráitis seo a leanas:

RÁITEAS Ó BHALLSTÁIT CHOMHLACHAS NÁISIÚIN NA hÁISE THOIR THEAS AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT

Déanfaidh Ballstáit ASEAN, an tAontas agus a Bhallstáit gach beart is gá i gcomhréir lena ndlíthe agus a rialacháin is infheidhme faoi seach chun an Comhaontú a thabhairt i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 33 den Chomhaontú chomh caoithiúil agus is féidir. I gcás na Malaeisia, déanfaidh sí gach beart is gá i gcomhréir lena dlíthe agus a rialacháin is infheidhme féin, agus Airteagal N den Chomhaontú á chur san áireamh.

Ballstáit ASEAN, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, cuireann siad in iúl go bhfuil sé ar intinn acu dlúthphlé agus dlúthchomhordú a dhéanamh, trí chreat an Chomhchoiste dá bhforáiltear in Airteagal 23 den Chomhaontú, maidir le freagairtí ar theagmhais ghéarchéime gan choinne, amhail paindéim COVID-19, chun aon éifeacht suaiteach ar aersheirbhísí a mhaolú, a mhéid is féidir.

RÁITEAS Ó BHALLSTÁIT CHOMHLACHAS NÁISIÚIN NA hÁISE THOIR THEAS, SEACHAS AN MHALAEISIA, AGUS BALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH

Tá sé ar intinn ag údaráis inniúla aerloingseoireachta Bhallstáit ASEAN agus Bhallstáit an Aontais, a mhéid a cheadaítear faoina ndlíthe agus rialacháin is infheidhme faoi seach, breithniú fabhrach a leathnú chuig iarratais ar aersheirbhísí agus ar údaruithe oibríochta ó aeriompróirí a chéile ar théarmaí atá coibhéiseach le téarmaí an Chomhaontaithe, ar bhonn na cúirtéise agus na cómhálartachta, amhail ó dháta shíniú an Chomhaontaithe agus go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

RÁITEAS ÓN MALAEISIA

Féadfaidh an Mhalaeisia a chur in iúl do na Páirtithe sa Chomhaontú go bhfuil sé ar intinn ag a húdaráis aerloingseoireachta inniúla, a mhéid a cheadaítear faoina dlíthe agus rialacháin is infheidhme, breithniú fabhrach a leathnú chuig iarratais ar aersheirbhísí agus údaruithe oibríochta ó aeriompróirí an Aontais ar théarmaí atá coibhéiseach le téarmaí an

Chomhaontaithe, ar bhonn na cúirtéise agus na cómhalmartachta, amhail ón dáta a shonraítear san fhógra sin agus go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm.

Á FHIANÚ SIN, tá an té a bhfuil a shíniú thíos, agus é údaraithe go cuí chuige sin, tar éis Taifead na Ráiteas seo a shíniú.

ARNA SHÍNIÚ in [CATHAIR], [TÍR] an [...] ... [...] [...], sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris.

Thar ceann Ríocht na Beilge:

Thar ceann Phoblacht na Bulgáire:

Thar ceann Phoblacht na Seice:

Thar ceann Ríocht na Danmhairge:

Thar ceann Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine:

Thar ceann Phoblacht na hEastóine:

Maidir le hÉirinn:

Thar ceann na Poblachta Heilléanaí:

Thar ceann Ríocht na Spáinne:

Thar ceann Phoblacht na Fraince:

Thar ceann Phoblacht na Cróite:

Thar ceann Phoblacht na hIodáile:

Thar ceann Phoblacht na Cipire:

Thar ceann Phoblacht na Laitvia:

Thar ceann Phoblacht na Liotuáine:

Thar ceann Ard-Diúcacht Lucsamburg:

Thar ceann na hUngáire:

Thar ceann Poblacht Mhálta:

Thar ceann Ríocht na hÍsiltíre:

Thar ceann Phoblacht na hOstaire:

Thar ceann Phoblacht na Polainne:

Thar ceann Phoblacht na Portaingéile:

Tar ceann na Rómáine:

Thar ceann Rialtas Bruiné Darasalám:

Thar ceann Rialtas Ríocht na Cambóide:

Thar ceann Rialtas Poblacht na hIndinése:

Thar ceann Rialtas Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach Laos:

Thar ceann Rialtas na Malaeisia:

Thar ceann Rialtas Poblacht Aontas Mhaenmar:

Thar ceann Rialtas Poblacht na nOileán Filipíneach:

Thar ceann Rialtas Poblacht Shingepór:

Thar ceann Rialtas Ríocht na Télainne:

Thar ceann Rialtas Poblacht Shóisialach Vítneam:

Thar ceann Phoblacht na Slóivéine:

Thar ceann Phoblacht na Slóvaice:

Thar ceann Phoblacht na Fionlainne:

Thar ceann Ríocht na Sualainne:

Thar ceann an Aontais Eorpaigh: